Garda Ombudsman

INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018



An tUas. Charlie Flanagan TD
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

31 Márta 2019

A Aire, a chara,

Is pléisiúr dúinn an tríú Tuarascáil Bhliantúil déag ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a chur faoi do bhráid, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2018. Cuirtear an Tuarascáil seo faoi do bhráid de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Is mise le meas,

An Breitheamh Onórach
Mary Ellen Ring,
Cathaoirleach

Kieran FitzGerald,
Coimisinéir

Patrick Sullivan,
Coimisinéir

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, D01 FT73

(01) 871 6727 1890 600 800 (01) 814 7023 info@gsoc.ie www.gardaombudsman.ie

# GLUAIS GIORRÚCHÁN AGUS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **Inghlacthacht** | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú. |
| **Comhairle** | Is smachtbhanna araíonachta é sin, a bhféadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána é a chur i bhfeidhm, as sárú ar na Rialacháin Araíonachta – is féidir comhairle fhoirmiúil nó comhairle neamhfhoirmiúil a bheith i gceist leis. |
| **Líomhain** | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó ná líomhain amháin. Tá na líomhaintí ina n-iompraíochtaí aonair a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith. |
| **AIO** | Oifigeach Cúnta Imscrúduithe |
| **Airteagal 2** | Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. |
| **Gearán** | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar comhalta aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó in aghaidh garda amháin nó níos mó a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach garda a mheasúnú ina n-aonar ó thaobh inghlacthachta de. |
| **Rialacháin Choimeádta** | Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 – rialacháin a bhaineann le coimeád daoine i stáisiúin Ghardaí. Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print. |
| **Rialacháin Araíonachta** | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print. |
| **Gníomh Araíonachta** | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sáruithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach. |
| **DOp** | Stiúrthóir Oibríochtaí |
| **DDOp** | Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí |
| **DLP** | Teagmhálaí Ainmnithe faoi na treoirlínte dar teideal "Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí". |
| **DO** | Oifigeach Ainmnithe |
| **RCBÁC** | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| **DPP** | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí |
| **ECHR** | An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine |
| **GSIO** | Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána |
| **GSOC** | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána |
| **IO** | Oifigeach Imscrúduithe |

| | |
|---|---|
| **Réiteach Neamhfhoirmiúil** | Seo é an próiseas a thairgtear i gcás líomhaintí nach bhfuil tromchúiseach, drochmhúineadh, mar shampla. Is éard atá i gceist leis ná go labhraíonn cásoifigeach de chuid GSOC leis an dá pháirtí agus é mar aidhm aige tuiscint níos fearr a ghnóthú ar a ndearcthaí faoi seach agus teacht ar chomhaontú go bhfuil an ní réitithe. Foráiltear dó le halt 90 den Acht. |
| **Imscrúdú** | Mura féidir gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil, caithfear é a imscrúdú. De réir alt 98 den Acht, is é imscrúdaitheoir de chuid GSOC a imscrúdaíonn gearán ar bith a chuimsíonn líomhain go ndearnadh cion coiriúil. Is é GSIO (féach thuas) de ghnáth a imscrúdaíonn gearán a chuimsíonn líomhain de chineál araíonachta agus déanann sé amhlaidh faoi na Rialacháin Araíonachta agus de réir alt 94 den Acht. Más cuí leis an gCoimisiún Ombudsman é, féadfaidh imscrúdaitheoir de chuid GSOC maoirseacht a dhéanamh ar na himscrúduithe sin. Féadfaidh GSOC nithe neamhchoiriúla a imscrúdú freisin, ar aon dul le halt 95 den Acht. |
| **IRM** | Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách i gcomhairle leis an Ard-Aighne i mí na Bealtaine 2014. Bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar nó laigí an Gharda Síochána agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú aige d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. |
| **IO** | Oifigeach Imscrúduithe |
| **Airmheán** | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun. |
| **Comhalta i gceannas** | An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil iomlán agus liosta de dhualgais an chomhalta i gceannas a fheiceáil in ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach thuas). |
| **OGP** | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| **An Coimisiún Ombudsman** | An triúr Coimisinéirí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| **As am** | Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearáin faoi. |
| **PDA** | An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 |
| **PD/PDU** | Nochtadh Cosanta/an tAonad um Nochtadh Cosanta. |
| **RTC/RTI** | Imbhualadh Tráchta ar Bhóithre/Teagmhas Tráchta ar Bhóithre |
| **SIC** | Sain-Chomhordaitheoir Agallaimh |
| **SIO** | Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe |
| **An tAcht** | Is é Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, an t-acht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC. Is féidir é a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print. |

# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA
# AN 13Ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL


Súil Siar ar an mBliain ... 7

**Rannán 1: Gearáin agus Imscrúduithe ... 9**

1.1 An Líon Ceisteanna ... 10

1.2 An Líon Gearán agus Líomhaintí ... 10

Cairt 1: Cúinsí taobh thiar de na Gearáin a Fuarthas (An Líon Iomlán Gearán: 1,921) ... 10

Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ar áireamh) ... 11

Léarscáil 2: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) ... 11

1.3 Cad iad na Nithe a nDéanann Daoine Gearán fúthu? ... 12

Cairt 2: Cineálacha Líomhna i nGearáin Inghlactha (An Líon Iomlán Líomhaintí: 2,262) ... 12

1.4 Inghlacthacht ... 12

Cairt 3: Cinntí ar Inghlacthacht an Ghearáin (An Líon Iomlán Gearán: 1,921) ... 12

1.5 Líomhaintí Neamh-inghlactha ... 13

Cairt 4: Cúiseanna le Neamh-inghlacthacht na Líomhaintí i nGearáin atá Neamh-inghlactha (Líomhaintí Neamh-inghlactha: 577) ... 13

1.6 Gearáin Inghlactha ... 13

Cairt 5: Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (An Líon Iomlán Gearán a Glacadh lena nImscrúdú: 1270) ... 13

1.6.1 Imscrúduithe Coiriúla ... 14

1.6.2 Imscrúduithe Araíonachta ... 14

1.6.3 Torthaí na nImscrúduithe ... 22

Tábla 1: Torthaí na ngearán a dúnadh sa bhliain 2018 ... 23

Tábla 2: Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm sa bhliain 2017 tar éis imscrúduithe araíonachta ... 26

1.6.4 An tAm a Tógadh chun Cásanna a Dhúnadh ... 26

Cairt 6: An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh (laethanta) ... 27

**Rannán 2: Imscrúduithe Neamhspleácha tar éis Báis nó Díobháil Thromchúiseach ... 28**

2.1 Tarchuir ón nGarda Síochána faoi alt 102(1) ... 28

Cairt 7: Cúinsí taobh thiar de na Tarchuir ... 28

Cairt 8: Cineálacha Imscrúdaithe i dTarchuir (An Líon Iomlán Tarchur a Fuarthas: 38) ... 28

Léarscáil 3: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith a áireamh) ... 30

Léarscáil 4: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath ... 30

Tábla 3: Cineálacha imscrúdaithe agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe ar cuireadh tús leo tar éis tarchur agus a dúnadh sa bhliain 2018) ... 31

**Rannán 3: Imscrúduithe chun Leas an Phobail ... 32**

**Rannán 4: An Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla ... 35**

**Rannán 5: Gníomhaíocht Dlí tar éis Imscrúduithe Coiriúla ... 39**

**Rannán 6: Eolas a Thabhairt do Bheartas agus Cleachtas Póilíneachta an Gharda Síochána ... 44**

Tábla 5: Moltaí a rinneadh don Gharda Síochána sa bhliain 2018 ... 44

**Rannán 7: Nochtadh Cosanta** ............ **49**

**Rannán 8: An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Rochtain ar Shonraí** ............ **50**
Tábla 6: Iarrataí ar fhaisnéis a próiseáladh sa bhliain 2018 ............ 50

**Rannán 9: An Fhoireann** ............ **51**
Cairt 7: Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Struchtúr Eagrúcháin ............ 52

**Conclúid** ............ **53**

**Aguisín 1: Rialachas, Airgeadas agus Rialuithe Inmheánacha** ............ **54**
Tábla A: Dátaí agus freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin. ............ 55
Tábla B: Caiteachas GSOC sa bhliain 2018 ............ 57
Tábla C: Miondealú ar shochair fostaithe: ............ 57

**Aguisín 2: Próifíl na nDaoine a Rinne Gearán sa Bhliain 2018** ............ **60**
Cairt 8: Inscne ............ 60
Cairt 9: Aois ............ 60
Cairt 10: Náisiúntacht ............ 60
Cairt 11: Tír bhreithe ............ 60
Cairt 12: Eitneacht ............ 61
Cairt 13: Teanga ............ 61
Cairt 14: Míchumas ............ 61
Cairt 15: Reiligiún ............ 61
Cairt 16: Tithíocht ............ 62
Cairt 17: An Leibhéal Oideachais is Airde ............ 62
Cairt 18: Fostaíocht ............ 62

**Aguisín 3: Próifíl na nGardaí a ndearnadh gearán fúthu sa bhliain 2018** ............ **63**
Cairt 19: Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh sa bhliain 2018 ............ 63
Cairt 20: Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh sa bhliain 2018 ............ 63

# SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

## Réamhrá

I dtús na bliana, bhí Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) ag ullmhú cás mionsonraithe gnó le haghaidh méadú 40 faoin gcéad sa soláthar foirne, rud a bhí ag teastáil go géar chun go mbeadh sé in ann a ualach oibre reatha a chur i gcrích agus a oibleagáidí reatha a chomhlíonadh.

Cuireadh an doiciméad isteach i gcomhthéacs na n-ábhar imní a chuir GSOC in iúl faoi leibhéil soláthar foirne na heagraíochta ón uair a tháinig sé i mbun oibre sa bhliain 2007 i leith, beagnach.

Chuaigh an gannsoláthar acmhainní a bhí ann thar na blianta chun dochar do chumas GSOC chun an tseirbhís a sholáthar agus chun na cuspóirí a socraíodh dó a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, bhí imní ar na Coimisinéirí faoi chumas na heagraíochta chun tabhairt faoi obair thábhachtach amhail imscrúduithe chun leas an phobail gan moilleanna do-ghlactha a chruthú ar imscrúduithe atá ar bun cheana féin a chur i gcrích.

An 2 Samhain 2018, d'fhógair Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, gur ceadaíodh gach ceann den 42 phost ar iarr GSOC iad. Ós rud é gur ceadaíodh cúig phost don Aonad um Nochtadh Cosanta sa bhliain 2017, bhí 138 mball foirne ag GSOC ag deireadh na bliana 2018 – an líon ab airde ball foirne a bhí aige riamh.

Bhí próiseas earcaíochta ar bun ag deireadh na bliana.

Forbairt mhór eile sa bhliain 2018 a mbeidh impleachtaí suntasacha aici do GSOC ba ea foilsiú na tuarascála ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.

D'fháiltigh GSOC roimh an tuarascáil, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair. Aithníodh inti an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas le linn déileáil le gearáin faoi iompar póilíní agus leagadh amach inti na hathruithe a mheasann GSOC a bheith riachtanach chun feabhas a chur ar mhuinín an phobail as formhaoirseacht póilíní. Bhí an-chuid de na moltaí ag teacht le Moladh GSOC le haghaidh Athrú Reachtach, rud a cuireadh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí na Nollag 2017.

Áiríodh na nithe seo leis na príomh-mholtaí atá ábhartha d'fhormhaoirseacht:

- Ba cheart comhlacht neamhspleách nua gearáin a chur in ionad GSOC agus ba cheart don chomhlacht sin ainm nua a bheith aige, á shoiléiriú go bhfuil sé neamhspleách ar an nGarda Síochána.
- Ba cheart don chomhlacht nua teagmhais a imscrúdú in ionad daoine aonair a imscrúdú, agus béim á leagan aige ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an phóilíneacht de réir na gcaighdeán inghlactha in ionad béim a leagan ar cé acu a sháraigh nó nár sháraigh garda aonair na Rialacháin Araíonachta.
- Ba cheart na gearáin go léir faoi na póilíní a dhéanamh tríd an gcomhlacht nua gearáin, a chinnfeadh cé acu a bhí an gearán ina shaincheist bainistíochta feidhmíochta – a d'fhágfadh go dtarchuirfí é chuig an nGarda Síochána lena athbhreithniú agus lena réiteach – nó a bhí sé ina ghearán inar tarraingíodh saincheisteanna tromchúiseacha anuas faoi chaighdeáin na póilíneachta agus ionracas na bpóilíní agus a dteastódh imscrúdú neamhspleách ina leith.
- Ba cheart don chomhlacht nua na gearáin go léir ina dtarraingítear na saincheisteanna tromchúiseacha sin anuas a imscrúdú, gan dul i muinín imscrúdaitheoirí an Gharda Síochána (faoi láthair, is iad gardaí sinsearacha a imscrúdaíonn gach gearán de chineál neamhchoiriúil thar ceann GSOC), agus ba cheart go leor acmhainní a sholáthar don chomhlacht chun déanamh amhlaidh.

Chun an comhlacht nua a bhunú, bheadh sé riachtanach an reachtaíocht reatha a bhaineann le gearáin in aghaidh na bpóilíní a ollchóiriú. D'fhógair Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, plean cur chun feidhme don tuarascáil i mí na Nollag. Tá an obair sin le treorú ag an nGrúpa Cur Chun Feidhme um Athchóiriú na Póilíneachta, rud a gheobhaidh tacaíocht ó Oifig Cláir thiomnaithe i Roinn an Taoisigh.

Dúirt sé gur cheadaigh an Rialtas an tuarascáil agus gur aontaigh sé leis an togra uaidh glacadh leis an 157 bpríomh-mholadh go léir.

Tá GSOC ag súil le hobair i gcomhar leis an ngrúpa cur chun feidhme.

## Imeachtaí Suntasacha

Ceapadh Patrick Sullivan ina Choimisinéir ar GSOC i mí Iúil 2018. Líon sé folúntas a cruthaíodh nuair a d'imigh Mark Toland, iar-Choimisinéir, as an eagraíocht i mí na Samhna 2017. Faoin uair a tháinig an tUas. Sullivan isteach in GSOC, bhí taithí 30 bliain aige ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar fhormhaoirseacht an dlí sna Stáit Aontaithe. Áiríodh léi sin breis agus 20 bliain a caitheadh i Seirbhís Rúnda na Stát Aontaithe, áit a ndearna sé maoirseacht dhomhanda ina shannachán deiridh ar imscrúduithe góchumtha. Go díreach sular tháinig sé isteach in GSOC, bhí an tUas. Sullivan ar an Ardchigire Cúnta um Imscrúduithe le hOifig an Ardchigire de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) sna Stáit Aontaithe. Rinne a fhoireann imscrúduithe coiriúla lenar bhain éilliú agus mí-iompar arna ndéanamh ag fostaithe de chuid EPA, calaois a bhí bainteach le mí-úsáid cistí rialtais, bagairtí ar fhostaithe agus saoráidí de chuid EPA, agus goid na maoine nó na gcistí de chuid EPA. Theistigh sé roinnt uaireanta os comhair Chomhdháil na Stát Aontaithe mar shaineolaí ábhair ar imscrúduithe éillithe agus mí-iompair.

**Ceapadh Drew Harris mar Choimisinéir ar an nGarda Síochána i mí an Mheithimh agus thosaigh sé an post i mí Mheán Fómhair. Laistigh de cheithre seachtaine, thug sé a chéad chuairt ar GSOC agus bhuail sé le Coimisinéirí GSOC.**

Foilsíodh an tríú tuarascáil eatramhach ón mBinse um Nochtaí Cosanta i mí Dheireadh Fómhair. Sa tuarascáil sin, luaigh an Breitheamh Onórach Peter Charleton go raibh imní air faoin araíonacht sa Gharda Síochána, ag aontú leis na hábhair imní a luaigh an Breitheamh Onórach Frederick Morris níos mó ná deich mbliana roimhe sin. Theastaigh athchóiriú ón gcóras um araíonacht an Gharda Síochána a fhorfheidhmiú chun gur cheart gardaí a gcuirtear mí-araíonacht ina leith a bheith faoi réir ceartú ag oifigigh shinsearacha "gan an gá a bheith ann le dul i muinín na struchtúr casta arb ionann iad, go bunúsach, agus triail phríobháideach ina n-úsáidtear nósanna imeachta atá cosúil lenár gcúirteanna coiriúla".

Luaigh an Breitheamh Onórach Charleton gur cheart rialacha araíonachta an Gharda Síochána a bhreisiú le hoibleagáidí oscailte agus gur cheart cód araíonachta simplithe a agairt dá ndéanfaí sárú orthu.

## Príomhfhigiúirí

**Baineann na figiúirí a luaitear sa tuarascáil seo le gearáin a rinne daoine den phobal le GSOC agus le tarchuir a rinne Coimisinéir an Gharda Síochána chuig GSOC. Ní áirítear leo líomhaintí mí-iompair in aghaidh gardaí a bhféadfadh gur tuairiscíodh iad don Gharda Síochána nó a bhí faoi imscrúdú ag an nGarda Síochána ach nár tuairiscíodh iad do GSOC.**

- Fuair GSOC 1,921 ghearán sa bhliain 2018
- Bhí 2,944 líomhain ann sna gearáin sin
- Tharchuir an Garda Síochána 38 ní ina bhfuil an chuma ar an scéal "go bhféadfadh go raibh iompar comhalta den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le díobháil thromchúiseach a dhéanamh do dhuine"
- Tarchuireadh 17 gcomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, rud a bhí ina chúis le 4 ordú go ndéanfaí ionchúiseamh, 9 n-ordú nach ndéanfaí ionchúiseamh, agus 4 chinneadh a bhí ar feitheamh. De bhreis air sin, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nach ndéanfaí ionchúiseamh sa bhliain 2018 i dtaca le comhad a raibh cinneadh ina leith ar feitheamh ag deireadh na bliana 2017
- Osclaíodh 17 n-imscrúdú chun leas an phobail (na himscrúduithe sin a rinneadh in éagmais gearáin nó tarchuir ag Coimisinéir an Gharda Síochána) agus dúnadh 14 cinn
- Rinne comhaltaí agus/nó fostaithe den Gharda Síochána 24 nochtadh chosanta do GSOC
- D'fhorchuir Coimisinéir an Gharda Síochána 74 smachtbhanna ar ghardaí aonair de bharr gearáin a rinneadh le GSOC agus/nó imscrúduithe a rinne GSOC.

# RANNÁN 1: GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUITHE

## SONRAÍ BARRLÍNE

### GLAONNA

**3,107**

an líon glaonna ar ár n-uimhir íosghlao, agus iad á bhfreagairt ag cásoibrithe.

**97%**

an céatadán de na glaonna a fuarthas ar freagraíodh dóibh laistigh de 60 soicind.

**375**

an líon daoine ar buaileadh leo go pearsanta inár n-oifig phoiblí.

### CEISTEANNA

**3,036**

an líon de na teagmhálacha tosaigh sin a osclaíodh mar "cheisteanna" ar dtús inár gcóras bainistíochta cásanna. A luaithe a fhaightear faisnéis dhóthanach, déantar stádas na ceiste a uasghrádú ina ghearán foirmiúil.

### GEARÁIN

**1,921**

an líon gearán a osclaíodh sa bhliain 2018 – rud ar laghdú 1.4% é ar an bhfigiúr don bhliain roimhe.

**2,944**

an líon líomhaintí a bhí ann laistigh de na gearáin sin (toisc gur féidir go mbeidh roinnt líomhaintí éagsúla ann i ngearán amháin).

## GEARÁIN

Leagtar amach in ailt 83 go 101 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú ("an tAcht"), na rialacha agus na próisis lena sainítear conas nach mór do GSOC déileáil le gearáin.

### 1.1 AN LÍON CEISTEANNA

Sa bhliain 2018, thug cásoibrithe freagra ar **3,107** nglao teileafóin ar uimhir íosghlao GSOC (1890 600 800). Tugadh freagra ar **97%** díobh laistigh de 60 soicind. Is ionann an líon sin agus méadú suntasach ar an **2,517** nglao a fuarthas sa bhliain 2017.

Bhuail cásoibrithe le **375** dhuine inár n-oifig phoiblí freisin.

Ar an iomlán, dhéileáil cásoibrithe le **3,036** cheist tríd an bpost, trí ríomhphost, trí fhacs agus trí chomhfhreagras ó stáisiúin Ghardaí agus ó dhaoine den phobal. Ar an gcéad dul síos, osclaítear gach teagmháil ar ár gcóras mar 'cheist' go dtí go bhfuil go leor faisnéise againn chun í a uasghrádú ina gearán agus chun a hinghlacthacht a mheasúnú.

### 1.2 AN LÍON GEARÁN AGUS LÍOMHAINTÍ


Osclaíodh **1,921** ghearán san iomlán sa bhliain 2018, rud ar laghdú beag (1.4%) é ar an bhfigiúr don bhliain 2017. Bhí **2,944** líomhain ann sna gearáin sin – is féidir go mbeidh roinnt líomhaintí ann i ngach gearán.

Léirítear sa laghdú sa líon líomhaintí (i bhfad níos lú ná na 4,459 líomhain a fuarthas sa bhliain 2017) an t-athrú atá tagtha ar an dóigh a bhfuil GSOC ag taifeadadh gearáin neamh-inghlactha ó go mall sa bhliain 2017 i leith.

Faoin bpróiseas roimhe, scrúdaíodh freisin na gearáin sin a bhí neamh-inghlactha agus nach raibh le himscrúdú chun a fháil amach an raibh níos mó ná líomhain amháin iontu; taifeadadh an líon sin.

Faoin bpróiseas reatha, ní scrúdaítear ach gearáin a glacadh (agus atá le himscrúdú, dá bhrí sin) chun a fháil amach cá mhéad líomhain atá iontu.

**Cairt 1:** Cúinsí taobh thiar de na Gearáin a Fuarthas (An Líon Iomlán Gearán: 1,921)




Ba iad seo na trí chúinse ba choitianta ba chúis le gearáin sa bhliain 2018: seoladh imscrúduithe ag gardaí; teagmhais phóilíneachta ar bhóithre, agus seirbhís na ngardaí do chustaiméirí.


Féach próifílí na ndaoine a rinne gearáin, agus próifílí na ngardaí a ndearnadh gearáin inghlactha fúthu, sna hAguisíní.

**Léirítear sna léarscáileanna ar an gcéad leathanach eile dáileadh geografach na líomhaintí a bhí ann i ngearáin a rinneadh in aghaidh gardaí sa bhliain 2018. Léirítear iontu na líomhaintí go léir a bhí ann sular chinn GSOC cé na líomhaintí a bhféadfaí iad a ghlacadh agus déileáil leo agus cé na líomhaintí nach bhféadfaí iad a ghlacadh ná déileáil leo. Ní áirítear leo 145 líomhain nár bunaíodh rannáin Gharda Síochána ina leith go fóill faoin 31 Nollaig 2018**


Maidir leis an líon ab airde líomhaintí sa tír, taifeadadh iad in aghaidh gardaí i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, rud a mbeifí ag súil leis de bharr an daonra agus na gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair.

ar lean ar leathanach 12 »

**Léarscáil 1:** Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ar áireamh)




**Léarscáil 2:** Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)



» Ba ó Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar a fuarthas an líon ab airde. Bhí siad difriúil leis na figiúirí don bhliain seo caite, nuair a fuarthas an líon ab airde ó Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Láir agus Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar sna blianta 2017 agus 2016.


Lasmuigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, ba iad Luimneach agus Cathair Chorcaí faoi seach na Rannáin ina ndearnadh an líon ab airde líomhaintí in aghaidh gardaí sa bhliain 2018.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Ba mar thoradh ar athrú i bpróiseas GSOC a bhí laghdú ann sa líon iomlán líomhaintí taifeadta a d'eascair as gearáin (idir ghearáin inghlactha agus ghearáin neamh-inghlactha) sa bhliain 2018. Féach rannán 1.2 chun míniú a fháil.

## 1.3 CAD IAD NA NITHE A NDÉANANN DAOINE GEARÁN FÚTHU?

Tríd is tríd, ní bhíonn athrú ann ó bhliain go bliain sna nithe a ndéanann daoine gearán le GSOC fúthu.

**Cairt 2:** Cineálacha Líomhna i ngearáin inghlactha (An Líon Iomlán Líomhaintí: 2,262)





Léirítear i gCairt 2 na nithe is coitianta a ndéanann daoine gearán fúthu:

- Mí-úsáid Údaráis – is iad úsáid iomarcach fornirt agus treoir chun rud éigin a measann an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nach raibh údarás ag an ngarda é a éileamh na príomhchineálacha líomhna atá catagóirithe mar 'mhí-úsáid údaráis'.
- Faillí i nDualgas – gnáthshamplaí 'faillí i ndualgas' is ea líomhaintí gur theip ar gharda gníomh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta a dhéanamh – mar shampla, gan glao teileafóin a chur ar ais ar dhuine ag taobh amháin den scála agus coir thromchúiseach líomhnaithe a imscrúdú mar is ceart ag an taobh eile.
- Míchúirtéis – gearáin a bhaineann leis an dóigh ar labhair nó ar chaith garda le duine.
- Cionta Neamh-Mharfacha – is líomhaintí iad sin go ndearnadh cion coiriúil atá liostaithe san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, agus folaíonn siad, mar shampla, ionsaí, ciapadh, agus príosúnú neamhdhleathach.

## 1.4 INGHLACTHACHT

Déantar na gearáin go léir a fhaigheann GSOC a mheasúnú in aghaidh critéir atá liostaithe in Acht an Gharda Síochána, 2005, chun a dhéanamh amach an bhfuil siad inghlactha nó nach bhfuil. Má chomhlíonann siad na critéir sin, féadfaidh GSOC déileáil leo. Mura gcomhlíonann siad na critéir, measfar iad a bheith neamh-inghlactha.

**Cairt 3:** Cinntí ar Inghlacthacht an Ghearáin (An Líon Iomlán Gearán: 1,921)




### Conas a Chinnimid cé acu a Ghlacfar nó nach nGlacfar Gearán lena Imscrúdú?

De réir alt 87 d'Acht 2005, féadfaimid gearán a ghlacadh más rud é:

- **go** ndéanann duine a dtéann an t-iompar is ábhar don ghearán i bhfeidhm


air/uirthi nó duine a fheiceann an t-iompar an gearán (nó, i gcúinsí áirithe, go ndéantar an gearán thar a c(h)eann); agus

- **go** mbaineann an gearán le hiompar a bheadh cothrom le cion coiriúil nó sárú ar araíonacht an Gharda Síochána ag comhalta den Gharda Síochána dá gcruthófaí é; agus
- **go** ndéantar an gearán laistigh de theorainn ama aon bhliana ón teagmhas is ábhar don ghearán; agus
- **nach** gearán suaibhreosach ná cráiteach é; agus
- **nach** mbaineann an gearán le hordú ginearálta ná rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir an Gharda Síochána; agus
- **nach** mbaineann an gearán le hiompar arna dhéanamh ag comhalta den Gharda Síochána nuair a bhí an comhalta as dualgas, ach amháin sa chás gur dhócha go dtarraingeodh an t-iompar líomhnaithe míchlú ar an nGarda Síochána dá gcruthófaí é.

## 1.5 LÍOMHAINTÍ NEAMH-INGHLACTHA

Sa bhliain 2018, measadh 551 cheann de na gearáin a fuarthas a bheith neamh-inghlactha, ós rud é nár chomhlíon ceann ar bith de na líomhaintí istigh iontu (577 gcinn san iomlán) na critéir inghlacthachta atá leagtha amach san Acht. Léirítear sa chairt thíos na cúiseanna leis sin.

**Cairt 4:** Cúiseanna le Neamh-inghlacthacht na Líomhaintí i nGearáin atá Neamh-inghlactha (Líomhaintí Neamh-inghlactha: 577)





Ba í an chúis ba choitianta – a líomhnaíodh **420** uair – ná nach mbeadh an t-iompar líomhnaithe ina choir ná ina shárú ar na Rialacháin Araíonachta fiú amháin dá gcruthófaí é.
Ba í an dara cúis ba choitianta nár glacadh gearán lena imscrúdú ná gur lasmuigh den teorainn ama a shonraítear in alt 84 den Acht – 12 mhí tar éis dháta an iompair a ndearnadh gearán faoi – a bhí an líomhain/na líomhaintí a bhí ann sa ghearán. Sa bhliain 2018, cinneadh **78** líomhain a bheith neamh-inghlactha ar an gcúis sin. Cé go bhfuil lánrogha éigin ag GSOC maidir le gearáin a ghlacadh lasmuigh den tréimhse ama shonraithe, tá cúis phraiticiúil ann le teorainn ama sa chuid is mó de chásanna; dá mhéad ama atá imithe thart idir an teagmhas agus an gearán is amhlaidh is doilí imscrúdú éifeachtach a dhéanamh lena mbaineann fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú, agus ráitis chruinne a fháil.

## 1.6 GEARÁIN INGHLACTHA

Sa bhliain 2018, fuarthas agus glacadh 1,270 gearán (a raibh líomhain inghlactha amháin ar a laghad iontu) lena n-imscrúdú. Déileáladh leo ar cheann amháin de chúig bhealach. Mionsonraítear sa chairt thíos na cineálacha imscrúdaithe a osclaíodh i 1,268 gcinn de na cásanna sin. Léirítear inti freisin dhá chás ina bhfuil cinneadh le déanamh fós ar an gcineál imscrúdaithe atá le déanamh.

**Cairt 5:** Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (An Líon Iomlán Gearán a Glacadh lena nImscrúdú: 1270)



Léirítear i gCairt 5 conas a déileáladh ar dtús leis na gearáin go léir a glacadh. Is féidir go dtiocfaidh athrú air sin le linn an cháis. Mar shampla, is féidir go ndéanfar imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht a ghéarú ina imscrúdú faoi mhaoirseacht nó ina imscrúdú neamhchoiriúil a dtabharfaidh GSOC faoi. A luaithe a imscrúdaítear na gnéithe coiriúla de ghearán, féadfar aon ghnéithe neamhchoiriúla a scrúdú agus/nó a imscrúdú ansin.

### 1.6.1 Imscrúduithe coiriúla

Is de réir alt 98 den Acht a dhéanann GSOC imscrúduithe coiriúla. Is iad imscrúdaitheoirí de chuid GSOC é féin a imscrúdaíonn gach líomhain maidir le cionta coiriúla arna ndéanamh ag gardaí (mar shampla, ionsaí). Mar thoradh ar ghearáin a fuarthas sa bhliain 2018, osclaíodh **415** imscrúdú choiriúla.

### 1.6.2 Imscrúduithe araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

- Is iad ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána a dhéanann **imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht** (faoi alt 94(1) den Acht) ar aon dul le Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána. De réir na bPrótacal atá ann idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór imscrúduithe gan mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil deiridh ina leith a eisiúint chuig GSOC laistigh de 16 seachtaine. Sampla den chineál cáis a imscrúdaítear ar an mbealach sin is ea líomhain go raibh mí-úsáid údaráis ann nuair a bhí duine á g(h)abháil. Osclaíodh **598** gcás den sórt sin sa bhliain 2018.
- Is iad ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána a dhéanann **imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht** (faoi alt 94(5) den Acht) freisin ach bíonn siad á maoirsiú ag imscrúdaitheoirí de chuid GSOC, a bhuaileann leis na ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána chun plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC na gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a chur ar fáil dó/di. De réir na bprótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain. Tá sé oiriúnach imscrúduithe faoi mhaoirseacht a dhéanamh i gcásanna ina ndéantar líomhaintí níos tromchúisí maidir le faillí i ndualgas, mar shampla easpa imscrúdaithe, nó imscrúdú neamhleor, ar choir thromchúiseach a tuairiscíodh do ghardaí. Osclaíodh **135** chás den sórt sin sa bhliain 2018.
- **Imscrúdú neamhchoiriúil arna dhéanamh ag GSOC** (faoi alt 95 den Acht) – Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a fhéadfaidh tabhairt faoi chásanna áirithe nach bhfuil cionta coiriúla i gceist leo de réir dealraimh agus a bhféadfadh nithe araíonachta agus/nó nithe sistéamacha a bheith i gceist leo. Ar na samplaí den chineál sin imscrúdaithe neamhchoiriúil arna dhéanamh ag imscrúdaitheoirí de chuid GSOC bheadh imscrúduithe chun leas an phobail agus imscrúduithe araíonachta a eascraíonn as imscrúduithe coiriúla. Osclaíodh **100** cás den sórt sin sa bhliain 2018.
- Foráiltear do **réiteach neamhfhoirmiúil** le halt 90 den Acht. Cuirtear ar chumas an Choimisiúin Ombudsman leis féachaint le hobair leis an ngearánach agus leis an ngarda (nó leis na gardaí) a ndearnadh gearán faoi/fúithi/fúthu chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil. Níl sé beartaithe é a úsáid ach amháin i gcás gearáin bheaga ar leibhéal seirbhíse, agus is próiseas é atá níos giorra ná imscrúdú foirmiúil. Is próiseas deonach é agus tá toiliú an dá pháirtí ag teastáil ann. Cé nár osclaíodh ach cás réitigh neamhfhoirmiúil amháin sa bhliain 2018, b'amhlaidh, maidir le roinnt gearáin a rinneadh le GSOC agus a bhféadfadh gur measadh iad roimhe sin a bheith oiriúnach do réiteach neamhfhoirmiúil, gur déileáladh leo faoi thionscnamh nua idirghabhála áitiúla, rud a ndéantar mionchur síos air i rannán 4 den tuarascáil seo.

**Achoimre ar chás**

Cinneadh go ndearna garda sárú araíonachta toisc gur theip air/uirthi freagra a thabhairt ar iarraidh ar ráiteas fíoras tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre. Tharla an t-imbhualadh nuair nach raibh úinéir an chairr istigh sa tír. Damáistíodh an carr go dona nuair a bhuail tiománaí gan árachas é.

Tar éis don ghearánach filleadh ar an tír, aimsíodh ar an gcarr na sonraí teagmhála de chuid garda a chuaigh chun na láithreach. Tar éis don ghearánach roinnt iarrachtaí a dhéanamh dul i dteagmháil leis an ngarda imscrúdaithe, d'éirigh leis/léi dul i dteagmháil leis an ngarda sa deireadh. »

» Chuir an garda in iúl don ghearánach gur sainaithníodh tríú páirtí a bheith ar an gcúis leis an imbhualadh tráchta ar bhóithre agus nach raibh locht ar an ngearánach. Dúirt an garda leis an ngearánach teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta árachais, a chuir in iúl don ghearánach go raibh ráiteas fíoras ón ngarda ag teastáil ós rud é gurb é tiománaí gan árachas a bhí freagrach as an imbhualadh. Ní íocfadh an chuideachta árachais an t-éileamh go dtí go mbeadh an ráiteas sin faighte aici.

Ba ag an am sin a thosaigh an gearánach ag streachailt le dul i dteagmháil leis an ngarda. Thug an gearánach cuid mhór glaonna agus cuairteanna ar an stáisiún Gardaí ach níor éirigh le ceann ar bith díobh. Níor thug an garda aon ghlao ar ais. Le linn an ama sin, chuaigh polasaí árachais an ghearánaigh as feidhm agus, mar thoradh ar an ráiteas neamhréitithe, méadaíodh an phréimh.

Rinne ceannfort de chuid an Gharda Síochána an t-imscrúdú ar an ngearán thar ceann GSOC. Cinneadh san imscrúdú go ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le cúiseamh amháin i bhfaillí i ndualgas – ba é comhairle an smachtbhanna a tugadh.

## Achoimre ar chás

Rinne bean gearán le GSOC faoi chliseadh éigniú tuairiscithe a imscrúdú. Luaigh sí gur thug sí ráiteas do bheirt ghardaí ach nár imscrúdaíodh an tuairisc agus nach ndearnadh aon teagmháil eile léi tar éis an ráiteas a thabhairt.

Glacadh an gearán agus ainmníodh é le haghaidh imscrúdú araíonachta faoi mhaoirseacht. Ba é ceannfort de chuid an Gharda Síochána, faoi mhaoirseacht ag oifigeach ainmnithe de chuid GSOC, a rinne an t-imscrúdú. »

» D'aimsigh an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána gur thóg an garda imscrúdaithe ráiteas ón mbean ach nach ndearna sé/sí aon bheart eile leis an ráiteas. D'áitigh an garda imscrúdaithe gur tarchuireadh an ní chuig an mbrainse bleachtairí lena imscrúdú tuilleadh. Dá ainneoin sin, níor aimsigh an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána aon chruthúnas doiciméadach ar an atreorú sin. Is amhlaidh gur léiríodh sna taifid go bhfuair an garda imscrúdaithe 15 mheabhrúchán ar leith chun dul chun cinn a dhéanamh ar an líomhain. Dá ainneoin sin, ní dhearnadh aon ghníomh ar na meabhrúcháin. Sa tuarascáil a seoladh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, chinn GSOC go raibh dóthain fianaise ann chun a léiriú go bhféadfadh go ndearnadh sárú araíonachta agus mhol sé go ndéanfadh Coimisinéir an Gharda Síochána gníomh araíonachta in aghaidh an gharda imscrúdaithe.

Aimsíodh san imscrúdú gur i láthair nuair a bhí an ráiteas á thógáil ón oifigeach imscrúduithe a bhí an dara garda a bhí mar ábhar don ghearán, cé nach raibh baint ar bith aige/aici ina dhiaidh sin leis an gcás agus nach raibh sé/sí eolach ar an easpa dul chun cinn a rinneadh. Tar éis dó an fhianaise agus na cúinsí a bhreithniú, mhol GSOC nach dtionscnófaí aon ghníomh araíonachta in aghaidh an gharda sin.

Cinneadh go ndearna an garda imscrúdaithe sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le cúiseamh amháin i bhfaillí i ndualgas toisc gur theip air/uirthi líomhain éignithe a imscrúdú. Gearradh fíneáil ar an ngarda.

## Achoimre ar chás

Gearradh fíneáil ar gharda as caitheamh ar bhealach míchúirtéiseach le bean a chuaigh chuig stáisiún Gardaí chun go gcomhlánófaí foirm iarratais ar phas don leanbh léi.

Chuaigh an bhean chun an stáisiúin chun go ndeimhneodh comhalta den Gharda Síochána iarratas ar phas. Ba thar ceann an linbh óig léi a bhí an t-iarratas ar phas. Líonadh cuid 7 den fhoirm iarratais ar phas cheana féin. Mar sin féin, ní mór dhá chuid eile a chomhlánú i stáisiún Gardaí os comhair garda de chéim ar bith. »

» Dhiúltaigh an garda sa stáisiún don iarratas ar phas a líonadh isteach, á áitiú nach mór don bheirt tuismitheoirí bheith i láthair sa stáisiún Gardaí. D'fhéach an bhean le comhrá a dhéanamh leis an ngarda agus d'iarr sí freisin labhairt le maoirseoir an gharda. Rinne an bhean teagmháil leis an tuismitheoir eile ansin, a tháinig chun an stáisiúin Ghardaí i dteannta an linbh óig. Chomhlánaigh comhalta eile den Gharda Síochána an t-iarratas ar phas ansin gan aon deacrachtaí.

Rinneadh gearán le GSOC faoin dóigh ar chaith an comhalta den Gharda Síochána leis an mbean ar theacht isteach sa stáisiún Gardaí di. Cinneadh go raibh an gearán inghlactha agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun é a imscrúdú. Rinne an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána a bhí ag imscrúdú an ghearáin thar ceann GSOC na comhaltaí den Gharda Síochána a bhí ar dualgas ar oíche an ghearáin a chur faoi agallamh. Ina measc sin bhí an comhalta a dhiúltaigh don iarratas ar phas a shíniú, an comhalta a shínigh an t-iarratas sa deireadh, agus a maoirseoir, a bhí mar dhuine eile a labhair leis an ngearánach.

Ag deireadh an imscrúdaithe, fuair an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána amach go raibh an comhalta míchúirtéiseach leis an ngearánach dáiríre agus nach raibh an ceart aige/aici nuair a d'áitigh sé/sí nach mór don bheirt tuismitheoirí bheith i láthair nuair atá cuid 9 (Deimhniú Céannachta) d'iarratas ar phas á síniú.

Cinneadh go ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le dhá shampla míchúirtéise. Gearradh dhá fhíneáil ar an ngarda.

## Achoimre ar chás

Chuaigh bean isteach san oifig phoiblí de chuid stáisiún Gardaí chun teagmhas tráchta ar bhóithre a thuairisciú do ghardaí. Bhuail sí an clog chun aird a tharraingt ach ní bhfuair sí freagra ar bith. Bhuail sí an clog an athuair agus tháinig garda chun na hoifige poiblí tamall beag ina dhiaidh sin. I dtuairim na mná, bhí an freagra a thug an garda di ionsaitheach agus mímhúinte. Chuir an dóigh ar chaith an garda léi as di agus d'fhág sí an stáisiún gan an teagmhas tráchta ar bhóithre a thuairisciú. »

» Rinne an bhean gearán le GSOC ansin. Cinneadh go raibh an gearán inghlactha agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun é a imscrúdú. Rinne ceannfort a bhí ag imscrúdú an cháis thar ceann GSOC an comhalta den Gharda Síochána a bhí i gceist a chur faoi agallamh. Cinneadh go ndearna an comhalta sárú ar rialacháin araíonachta as míchúirtéis agus fuair sé/sí comhairle de réir Rialachán 10 de Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007.

## Achoimre ar chás

Fuarthas gearán tar éis teach teaghlaigh a chuardach le haghaidh drugaí go moch ar maidin.

Luaigh an gearánach gur músclaíodh an teaghlach de bharr bualadh callánach ar an doras tosaigh go moch maidin amháin. Tar éis an doras a oscailt, bhí beirt fhear i ngnáthéadaí os comhair an ghearánaigh. Bhí na fir ag fiafraí de: "cá bhfuil na drugaí?" Chuaigh beirt fhear isteach sa teach agus níor fhógair siad i dtús gur comhaltaí den Gharda Síochána iad. Níor aithin an gearánach gur gardaí iad an chéad bheirt fhear agus go raibh cuardach drugaí ar siúl ach amháin nuair a tháinig beirt ghardaí faoi éide isteach sa teach.

Rinneadh cuardach sa phríomhsheomra leapa, sa chistin agus sa ghairdín. Bhí na gardaí ag fiafraí den ghearánach arís is arís eile cá raibh na drugaí. D'fhreagair an gearánach: "caithfidh gur meancóg í seo".

Dúirt an gearánach go raibh gardaí sa teach ar feadh thart ar 15 nóiméad agus go ndúirt duine amháin díobh agus iad ag imeacht go gcaithfeadh go ndeachaigh siad isteach sa teach mícheart. Taispeánadh barántas don ghearánach agus dheimhnigh sé gurb ionann an seoladh agus an seoladh a bhí luaite ar an mbarántas.

Rinne an gearánach teagmháil leis an stáisiún Gardaí ina dhiaidh sin agus rinne sé/sí gearán le GSOC tar éis tamaill. »

» Measadh an gearán a bheith inghlactha agus rinne ceannfort de chuid an Gharda Síochána imscrúdú ar an ngearán thar ceann GSOC.

Ag teacht sna sála ar an imscrúdú, tionscnaíodh imeachtaí araíonachta in aghaidh an chomhalta den Gharda Síochána a fuair an barántas cuardaigh. Bhí an seoladh mícheart do sprioc na hoibríochta cuardaigh ag an mbarántas. Cinneadh go ndearna an garda sin sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le cúiseamh amháin in iompar díchréidiúnach. Tugadh rabhadh agus comhairle dó/di.

## Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna cúigear comhaltaí den Gharda Síochána sárú araíonachta toisc gur theip orthu líomhaintí coireachta a imscrúdú agus a thaifeadadh.

Rinne duine gearán le GSOC á rá gur thuairiscigh sí roinnt teagmhas do stáisiún Gardaí ach nár imscrúdaíodh iad i gceart. Bhain na coireanna sin le ciapadh, damáiste coiriúil agus iompraíocht fhrithshóisialta thar thréimhse trí bliana.

Ghlac GSOC an gearán agus ceapadh garda sinsearach chun an t-imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Mar thoradh ar chliseadh dul chun cinn a dhéanamh ar an imscrúdú agus GSOC a choinneáil ar an eolas faoi, áfach, géaraíodh an cás ina imscrúdú faoi mhaoirseacht ina dhiaidh sin. Ceapadh ceannfort eile de chuid an Gharda Síochána chun imscrúdú a dhéanamh faoi mhaoirseacht ag imscrúdaitheoir de chuid GSOC. Sainaithníodh seisear comhaltaí den Gharda Síochána a bheith ina n-ábhair don ghearán.

Seasadh leis na líomhaintí in aghaidh cúigir den seisear gardaí agus thionscain Coimisinéir an Gharda Síochána imeachtaí araíonachta. »

- Cuireadh i leith comhalta amháin gur theip air/uirthi líomhain ionsaithe a imscrúdú. Aimsíodh san imscrúdú gur ullmhaíodh comhad ach go raibh sé faoi urchosc reachta é toisc gur cuireadh isteach é seacht mí tar éis dhéanamh an ionsaithe (is é sin le rá, ní fhéadfaí leanúint le hionchúiseamh). Cinneadh go ndearna an comhalta den Gharda Síochána sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007.

- Líomhnaíodh i líomhain eile gur theip ar chomhalta den Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar dhamáiste coiriúil a rinneadh do mhaoin an ghearánaigh. Aimsíodh san imscrúdú nár éirigh leis an ngarda aon phíosaí scannáin TCI ná aon fhinnéithe a fháil, nár ullmhaigh sé/sí comhad imscrúdaithe agus nach ndearna sé/sí taifead den teagmhas ar an gcóras PULSE. Cinneadh go ndearna an comhalta den Gharda Síochána sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007.

- Líomhnaíodh i dtríú líomhain gur theip ar gharda teagmhas eile damáiste choiriúil a imscrúdú. Aimsíodh san imscrúdú gur mhol an garda don ghearánach teagmháil a dhéanamh le cuideachta bainistíochta chun an damáiste a thuairisciú, nach ndearna sé/sí taifead ar an gcóras PULSE ná i leabhar nótaí oifigiúil garda agus nach raibh aon teagmháil eile aige/aici leis an ngearánach. Cinneadh go ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007.

- Bhain ceathrú líomhain le cliseadh líomhain ionsaithe agus íde béil a imscrúdú. Thóg an garda ráiteas ón ngearánach. Mar sin féin, níor taifeadadh an ní ar an gcóras PULSE agus theip ar an ngarda comhad imscrúdaithe a ullmhú. Cinneadh go ndearna an comhalta den Gharda Síochána sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007. »

- Bhain na líomhaintí in aghaidh cúigiú comhalta den Gharda Síochána le cliseadh imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí go ndearnadh ionsaí agus íde béil ar dhá dháta ar leith. Rinne na gardaí iarrachtaí na ciontóirí líomhnaithe a shainaithint i dtaca leis an dá theagmhas. Tógadh ráiteas ón ngearánach agus iarradh píosaí scannáin TCI. Ní raibh an garda in ann aon duine a chonaic na líomhaintí ionsaithe a shainaithint. Rinneadh comhad imscrúdaithe a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Cheannfoirt. De bharr athruithe i gclár comhfhreagrais na hoifige dúiche, áfach, cailleadh roinnt taifead. Níor taifeadadh ach teagmhas ionsaithe amháin ar an gcóras PULSE. Cinneadh go ndearna an comhalta den Gharda Síochána sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007.

- Bhí séú garda ina (h)ábhar don ghearán freisin. Aimsíodh san imscrúdú a rinne GSOC gur fhreastail an comhalta sin den Gharda Síochána ar agallamh leis an ngearánach ach nach raibh aon teagmháil eile aige/aici leis an ngearánach ina dhiaidh sin. Cinneadh nach ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007.

D'fhorchuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhannaí ar an gcúigear comhaltaí den Gharda Síochána ar cinneadh go ndearna siad sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le faillí i ndualgas. Ba é 'comhairle' an smachtbhanna a forchuireadh.

## Achoimre ar chás

Fuarthas gearán thar ceann fear éagtha tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre. Fuair an fear bás roinnt míonna tar éis an imbhuailte. »

» Rinne muintir an fhir gearán le GSOC á rá nár coinníodh iad ar an eolas faoi imeachtaí cúirte a bhain leis an imbhualadh tráchta agus nach bhfuair siad eolas ar thoradh na n-imeachtaí ach amháin i nuachtán áitiúil. Mar a tharla sé, caitheadh roinnt cionta amach toisc gur eisíodh toghairmeacha go déanach. Líomhain an gearánach gur míshásúil a bhí ullmhú chomhad an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freisin.

Measadh an gearán a bheith inghlactha agus rinne ceannfort de chuid an Gharda Síochána imscrúdú ar an ngearán, faoi mhaoirseacht ag GSOC. Chinn an ceannfort go ndearna garda amháin sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le dhá chúiseamh i bhfaillí i ndualgas toisc gur theip air/uirthi a chinntiú go bhfuarthas na toghairmeacha laistigh den teorainn ama reachtúil chun imeachtaí a thionscnamh agus toisc gur theip air/uirthi na gearánaigh a choinneáil ar an eolas faoin imscrúdú ar an teagmhas tráchta ar bhóithre. Déileáladh leis an ngarda trí bhíthin comhairle a thabhairt.

## Achoimre ar chás

Fuair GSOC gearán tar éis do bhean a líomhain go bhfuair garda rochtain go míchuí ar fhaisnéis phearsanta fúithi a bhí á coinneáil ar an gcóras PULSE.

Glacadh an gearán agus d'imscrúdaigh ceannfort de chuid an Gharda Síochána é, faoi mhaoirseacht ag oifigeach de chuid GSOC. Cinneadh san imscrúdú go raibh dóthain fianaise ann chun a léiriú go bhféadfadh go ndearnadh sárú araíonachta agus moladh ann go dtionscnódh Coimisinéir an Gharda Síochána imeachtaí araíonachta in aghaidh an gharda as rochtain a fháil ar an bhfaisnéis phearsanta de chuid duine den phobal. »

» Sa tuarascáil a sheol GSOC chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, luadh go bhfuair an garda rochtain ar fhaisnéis phearsanta an ghearánaigh. Ní dhearna an garda iontrálacha leabhar nótaí inar leagadh amach na cúiseanna leis an bhfaisnéis a rochtain agus theip ar an ngarda freisin an réasúnaíocht taobh thiar den tseiceáil a iontráil sa chóras PULSE. Thug an comhalta den Gharda Síochána réasúnaíocht go cúlghabhálach. Dá ainneoin sin, ní thabharfadh sé sin údar le seiceáil eile ar an gcóras PULSE, rud a rinneadh 19 lá ina dhiaidh sin. Sainaithníodh i dtuarascáil ó GSOC go raibh fianaise ann ar dhá chúiseamh i sáruithe araíonachta as faillí i ndualgas agus cleachtas éillitheach/míchuí.

Cuireadh in iúl do GSOC ina dhiaidh sin gur cinneadh go ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, as cleachtas éillitheach/míchuí toisc gur úsáid sé/sí cáil an gharda mar chomhalta den Gharda Síochána ar mhaithe leis/léi féin. Déileáladh leis an ngarda trí bhíthin foláireamh a thabhairt.

## Achoimre ar chás

Rinne beirt gearán le GSOC faoin dóigh ar chaith garda leo tar éis dóibh mí-úsáid líomhnaithe ar aosach soghonta a thuairisciú.

D'inis na gearánaigh do GSOC gur thug siad an t-aosach soghonta leo chuig stáisiún Gardaí chun tuairisc a thabhairt ar a n-amhras maidir le mí-úsáid fhisiciúil a rinneadh, dar leo, i dteach cúraim. Chreid siad gur mar thoradh ar mhí-úsáid a bhí loirg ann ar chorp an duine.

Rinne an comhalta den Gharda Síochána a bhí ag déileáil leis an ngearán na loirg a scrúdú. Chuaigh sé/sí i gcomhairle le hoifigeach uachtarach agus, tar éis dó/di cúiseanna féideartha eile leis na loirg a bhreithniú, chinn sé/sí gur cheart an duine gortaithe a thabhairt chun an ospidéil. Ligeadh an duine isteach san ospidéal, ceapadh oibrí cúraim chun fanacht leis an duine, agus níor tugadh cead do na baill teaghlaigh a rinne an gearán le gardaí an duine a fheiceáil.

Bhain an gearán ó na baill teaghlaigh leis an teip a bhí ar an ngarda a ngearán a ghlacadh agus iad a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn. »

» Dúirt an comhalta den Gharda Síochána gurbh amhlaidh, ar mhaithe le sábháilteacht an pháirtí dhíobhálaithe a chinntiú, gur iarradh cóir leighis ar an gcéad dul síos chun a fháil amach cad a bhí i mbunús na lorg. Dheimhnigh deirmeolaí comhairleach gur bhain na loirg le míchumas an aosaigh shoghonta. Chuir an lia comhairleach a fhionnachtana in iúl do na cúramóirí teaghlaigh agus cuireadh an garda ar an eolas fúthu ina dhiaidh sin. Bhí an garda sásta le fionnachtana an ospidéil agus dhún sé/sí an cás. Ní dhearna an garda teagmháil leis na cúramóirí i dtaca le fionnachtana an ospidéil.

Ba é ceannfort de chuid an Gharda Síochána a rinne an t-imscrúdú ar an ngearán a rinneadh le GSOC, agus é/í faoi mhaoirseacht ag GSOC. Cinneadh ann go ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le cúiseamh amháin i bhfaillí i ndualgas toisc gur theip air/uirthi na gearánaigh (mar atá na daoine a thug an t-aosach soghonta chun an stáisiúin Ghardaí) a choinneáil ar an eolas. Ba é comhairle an smachtbhanna a d'fhorchuir Coimisinéir an Gharda Síochána.

## Achoimre ar chás

Cúisíodh garda in ionsaí tar éis imscrúdú a rinne GSOC ar ghearán ó fhear a líomhain go ndearnadh ionsaí air agus é faoi choimeád ag gardaí. Cinneadh go raibh an garda neamhchiontach.

D'inis an gearánach do GSOC gurbh amhlaidh, anuas ar an ionsaí a rinneadh air, gur inis an garda dó go maífeadh sé go ndearna an gearánach 'ionsaí air agus seile a chaitheamh air' dá ndéanfadh seisean (an gearánach) gearán le GSOC.

Thionscain GSOC imscrúdú coiriúil agus, faoi mar atá amhlaidh i ngach imscrúdú coiriúil a dhéanann GSOC, ba iad imscrúdaitheoirí de chuid GSOC a rinne an t-imscrúdú.

D'aimsigh an t-imscrúdaitheoir nach raibh TCI i bhfeidhm sa láthair choimeádta sa stáisiún Gardaí ach gur iarradh cuntais ó na comhaltaí den Gharda Síochána a bhí i láthair ag am an ionsaithe líomhnaithe. »

» Dúirt garda amháin go bhfacthas an gearánach agus é ag caitheamh go hionsaitheach leis an gcomhalta den Gharda Síochána i gceannas[1]. Chonacthas an gearánach ag fáil greim ar liopa an chomhalta i gceannas agus ag dúnadh a láimhe eile ina dorn agus é sa chillín. Nuair a theip ar an ngearánach stopadh, bhuail garda an gearánach le smachtín – d'imigh an bheirt chomhaltaí den Gharda Síochána as an gcillín ansin. Tharla teagmhas eile den chineál céanna don chomhalta i gceannas agus don gharda céanna ní ba mhoille an lá sin. Bhí an gearánach ag caitheamh go hionsaitheach leis an mbeirt ghardaí agus bhuail an comhalta i gceannas an gearánach ar na cosa roinnt uaireanta le smachtín.

Luadh i dtaifid leighis go ndearnadh damáiste fíocháin bhoig do rosta agus aghaidh an ghearánaigh. D'fhiafraigh an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC den chomhalta i gceannas ar breithníodh nó nár breithníodh an cillín a fhágáil in ionad smachtín a úsáid. Dheimhnigh an comhalta i gceannas nár breithníodh an rogha sin.

Líomhain an gearánach go raibh míchúirtéis ann sa dóigh is gur tugadh "clamhsánaí" air agus go raibh mí-úsáid údaráis ann freisin toisc gur líomhain sé gur insíodh dó go "[n]déarfainn go ndearna tú ionsaí orm dá ndéanfá gearán le GSOC".

Shéan an comhalta i gceannas a bhí i gceist na líomhaintí sin agus ní raibh aon fhinnéithe eile ann a thacaigh leis na líomhaintí.

Mhol an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC go gcuirfí comhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ós rud é go bhféadfadh an úsáid fornirt sna cúinsí a ndearnadh cur síos orthu a bheith cothrom le hionsaí, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Bhí sé de rogha ag an gcomhalta i gceannas siúl siar ón ngearánach sa dara teagmhas agus an cillín a fhágáil gan an gá le forneart ar bith a úsáid ach níor roghnaigh sé/sí an rogha sin.

D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go n-ionchúiseofaí an garda – triaileadh an garda agus ba é an bhreith ná go raibh sé/sí neamhchiontach.

## Achoimre ar chás

Rinne bean gearán le GSOC faoin dóigh ar chaith roinnt gardaí léi nuair a thuairiscigh sí go ndearnadh ionsaí gnéasach uirthi. Rinneadh imscrúdú faoi mhaoirseacht – is é sin, imscrúdú ina ndéanann ceannfort de chuid an Gharda Síochána imscrúdú atá faoi mhaoirseacht ag GSOC.

Rinne an bhean roinnt líomhaintí faoi na gardaí. Ina measc sin, líomhain sí gur theip orthu gníomhú go cuí agus iad ag freagairt don tuairisc a thug sí ar an ionsaí gnéasach a rinneadh uirthi agus gur chaith siad go míchúirtéiseach léi.

Áiríodh leis an imscrúdú a rinne an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) ráitis a thógáil ó roinnt gardaí a bhí i dteagmháil leis an ngearánach, agus taifeadadh fuaime agus físe a ghlacadh d'agallamh a rinne gardaí leis an mbean a bhí ag tuairisciú go ndearnadh ionsaí gnéasach uirthi.

Sa tuarascáil deiridh a sheol sé chuig GSOC, dúirt an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána nár aimsigh sé aon fhianaise á léiriú go raibh sárú araíonachta déanta ag an gceathrar comhaltaí den Gharda Síochána a bhí mar ábhar don imscrúdú.

Mhol an t-oifigeach de chuid GSOC a bhí ag maoirsiú an imscrúdaithe go dtionscnódh údaráis an Gharda Síochána imeachtaí araíonachta in aghaidh duine amháin den cheathrar gardaí. Dúirt an t-oifigeach de chuid GSOC a d'amharc ar an taifeadadh DVD den agallamh freisin gur bhris an garda isteach ar an mbean arís is arís eile, gur úsáid sé/sí teanga mhíchuí agus gur chaith sé/sí go hionsaitheach leis an ngearánach.

D'éirigh an garda ina s(h)easamh roimh dheireadh an agallaimh, á rá go raibh air/uirthi ráiteas eile a thógáil. D'fhág sé/sí an seomra ansin, cé go raibh an t-agallamh ar siúl fós.

Seoladh an tuarascáil ó GSOC chuig Aonad Gnóthaí Inmheánacha an Gharda Síochána. Moladh inti go dtionscnófaí imeachtaí araíonachta in aghaidh garda amháin. »

1 Comhalta i gceannas ('MiC' mar ghiorrúchán i mBéarla uaireanta) – An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin.

» Seacht mí ina dhiaidh sin, chuir údaráis an Gharda Síochána in iúl do GSOC gur cinneadh NACH ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007. Cé go raibh an garda 'lom' sa teanga a úsáideadh, níorbh ionann an teanga agus míchúirtéis.

Dúirt an garda sinsearach a dhéileáil leis an gcás gurbh amhlaidh, ina thuairim, nach raibh an garda (a ndearnadh gearán faoi/fúithi) míchúirtéiseach ó thaobh sárú ar na rialacháin de.

## Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna garda sárú araíonachta as faillí i ndualgas toisc gur theip air/uirthi sonraí faoi theagmhas tráchta ar bhóithre a thaifeadadh ar an gcóras PULSE.

Dá bharr sin, bhí moilleanna ann ar na sonraí a bhí ag teastáil le haghaidh éileamh árachais a dhéanamh a bheith á bhfáil ag ionadaí dlíthiúil an pháirtí dhíobhálaithe.

Rinne an páirtí díobhálaithe gearán leis an nGarda Síochána faoin dóigh ar chaith gardaí leis tar éis dó an teagmhas tráchta ar bhóithre a thuairisciú.

Tharchuir gardaí an gearán chuig GSOC faoi alt 85 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, agus thosaigh GSOC imscrúdú faoi mhaoirseacht – is é sin, ceapadh garda sinsearach chun imscrúdú a dhéanamh agus bhí maoirseacht ar an imscrúdú le déanamh ag oifigeach imscrúduithe de chuid GSOC.

D'eascair an gearán as teagmhas ar gortaíodh duine ann. D'imigh tiománaí an chairr a bhuail an gearánach as an láthair agus chuaigh an páirtí díobhálaithe, a fuair cóireáil ospidéil an lá sin, chuig stáisiún Gardaí an lá dár gcionn chun an teagmhas a thuairisciú.

D'inis an páirtí díobhálaithe do GSOC go bhfuair sé glao teileafóin ó gharda cúpla lá tar éis dó an teagmhas a thuairisciú. Dúirt an garda go raibh ainm an tiománaí ar eolas ag na gardaí agus go mbeadh siad ag iniúchadh an ní le cuideachta árachais an tiománaí. »

» Dá ainneoin sin, theip ar roinnt iarrachtaí a rinne aturnae an pháirtí dhíobhálaithe sna míonna ina dhiaidh sin sonraí an tiománaí a fháil ó ghardaí. Roinnt míonna tar éis an teagmhais, d'inis gardaí don aturnae nach raibh aon taifead den teagmhas ann.

Sa tuarascáil ó GSOC a eisíodh tar éis an imscrúdaithe faoi mhaoirseacht ar an ngearán, luaigh an t-oifigeach imscrúduithe de chuid GSOC gurbh amhlaidh, bunaithe ar an bhfianaise, go bhféadfadh go ndearna an garda sárú araíonachta toisc gur theip air teagmhas tráchta ar bhóithre a tuairiscíodh dó a thaifeadadh ar an gcóras PULSE agus gur theip air taispeáint na ndoiciméad tiomána a taispeánadh dó a thaifeadadh ar an gcóras PULSE.

Seoladh an tuarascáil sin chuig Coimisinéir an Gharda Síochána. Cuireadh in iúl do GSOC ina dhiaidh sin gur cinneadh go ndearna an garda sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, agus gur chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm.

## Achoimre ar chás

Bhí fear ag tiomáint an treo mhíchirt síos sráid aontreo. Chuaigh garda ina threo agus chuir sé an méid sin in iúl don fhear. Bhí an tiománaí suaite faoin dóigh ar labhair an garda leis. Dúirt sé go raibh an teanga agus an tuin a úsáideadh maslaitheach agus dímheasúil. Cheartaigh sé a chúrsa ar an tsráid agus lean sé ar aghaidh.

Rinne an fear gearán le GSOC ansin. Cinneadh go raibh an gearán inghlactha agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun é a imscrúdú. Rinne an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána a bhí ag imscrúdú an cháis thar ceann GSOC agallamh a chur ar an ngarda. Nuair a ceistíodh é, d'admhaigh an garda go raibh an locht air agus nach raibh sé de cheart aige labhairt leis an bhfear ar bhealach mímhúinte neamhghairmiúil. Cinneadh go ndearna an comhalta den Gharda Síochána sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, as míchúirtéis agus fuair sé comhairle.

**Achoimre ar chás**

Cuireadh smacht ar gharda as faillí i ndualgas toisc gur theip air/uirthi cuardach a rinneadh ar fhear in áit phoiblí a thaifeadadh i gceart.

Rinne an fear a bhí i gceist gearán le GSOC. Dúirt sé go raibh sé den tuairim nach raibh aon bhunús ann leis an gcuardach. Dúirt sé freisin gur ghoill an cuardach sin in áit phoiblí go mór air. Níor aimsíodh rud ar bith sa chuardach.

Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun an ní a imscrúdú. Cinneadh go ndearna an garda a rinne an cuardach sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, as faillí i ndualgas toisc gur theip air/uirthi an cuardach a thaifeadadh i gceart.

**Achoimre ar chás**

Rinneadh gearán thar ceann leanbh a gortaíodh i dteagmhas tráchta ar bhóithre. Ba é an gearán ná gur theip ar gharda an teagmhas tráchta ar bhóithre a imscrúdú i gceart. Leag an gearánach amach nár thóg an garda imscrúdaithe ráiteas ón leanbh, cé go ndeachaigh na míonna thart ón teagmhas agus gur tugadh lear glaonna teileafóin ar an ngarda. Nuair a tógadh ráiteas ar deireadh thiar – breis agus cúig mhí tar éis an teagmhais – níorbh eol don gharda sonraí tábhachtacha faoin teagmhas, amhail céannacht na bhfinnéithe, ar nithe iad a raibh ar an ngearánach iad a thabhairt.

Sa deireadh, níor ionchúisíodh an tiománaí a bhí páirteach sa teagmhas tráchta ar bhóithre.

Chinn GSOC go raibh an gearán inghlactha agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun é a imscrúdú. Chinn an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána go ndearna an comhalta den Gharda Síochána sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i ndáil le trí chúiseamh i bhfaillí i ndualgas. Bhain ceann amháin le cliseadh an teagmhas a imscrúdú, bhain ceann eile le cliseadh an t-íospartach a choinneáil ar an eolas, agus bhain an ceann eile le cliseadh freagra a thabhairt do chomhfhreagras ó cheannfort de chuid an Gharda Síochána faoin teagmhas tráchta ar bhóithre. »

» Ghlac an garda le freagracht as na sáruithe. D'fhorchuir Coimisinéir an Gharda Síochána pionós airgid ar an ngarda.

### 1.6.3 Torthaí na nImscrúduithe

Dúnadh 1,897 ngearán (ina raibh 3,949 líomhain) sa bhliain 2018.

Díobh sin, rinneadh 1,352 ghearán ina raibh 3,370 líomhain a ghlacadh agus a imscrúdú (dúnadh an chuid eile tar éis iad a mheas a bheith neamh-inghlactha nó tar éis iad a tharraingt siar).

Cé go raibh líomhain inghlactha amháin nó níos mó ann sa 1,352 ghearán go léir, ba neamh-inghlactha a bhí 132 cheann de na líomhaintí a bhí istigh iontu. Níor imscrúdaíodh na líomhaintí sin, mar sin de. San iomlán, imscrúdaíodh 3,238 líomhain agus déantar cur síos ar na torthaí i dTábla 1 ar an gcéad leathanach eile.

**Tábla 1:** Torthaí na ngearán a dúnadh sa bhliain 2018

| | | | |
|---|---|---|---|
| Scoireadh de - Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh imscrúdú eile indéanta le réasún | Is é an cás is coitianta anseo ná go scoirtear d'imscrúdú toisc nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann lena gcruthaítear líomhain. | Gach cineál | 2,104 |
| Níor sainaithníodh aon sárú ar na Rialacháin Araíonachta | Imscrúdaíodh na líomhaintí agus aimsíodh gur mar ba cheart a ghníomhaigh an garda a ndearnadh gearán faoina iompar. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag GSOC (alt 95) | 549 |
| Tarraingíodh an líomhain siar | Chuir an duine a rinne an gearán a c(h)inneadh in iúl nach saothródh sé/sí é. | Gach cineál | 232 |
| Níor chomhoibrigh an gearánach | Theip ar an ngearánach obair i gcomhar leis an imscrúdú. | Gach cineál | 151 |
| Sainaithníodh sárú ar Rialacháin Araíonachta agus cuireadh smachtbhanna i bhfeidhm | Féadfar roinnt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, ag brath ar a thromchúisí atá an sárú a aimsíodh (féach an Tábla 2).<br>Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána faoi na Rialacháin Araíonachta is ea an sárú ar leith agus aon smachtbhanna atá le cur i bhfeidhm a shainaithint. Níl ról ar bith ag GSOC sa phróiseas sin. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag GSOC (alt 95) | 74 |
| Níor sainaithníodh aon mhí-iompraíocht tar éis imscrúdú coiriúil | Is é an cás is coitianta anseo ná nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann lena gcruthaítear an líomhain/na líomhaintí a rinneadh. | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98) | 99 |
| Níl feidhm ag Rialacháin an Gharda Síochána a thuilleadh | Chuaigh an garda is ábhar d'imscrúdú araíonachta ar scor nó d'éirigh sé as roimh an imscrúdú nó lena linn. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag GSOC (alt 95) | 14 |
| Tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – Níor Ordaíodh Ionchúiseamh | Má tá fianaise ann go bhféadfadh go ndearnadh cion tar éis imscrúdú coiriúil, tarchuirfear an cás chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanfaidh an cinneadh ar ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. I gcásanna áirithe, is féidir go ndéanfaidh an Coimisiún Ombudsman cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun trédhearcacht iomlán agus muinín an phobail a chinntiú. (*Féach tuilleadh sonraí i Rannán 5*) | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98) | 13 |
| Tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – Ordaíodh Ionchúiseamh | Mar atá luaite thuas, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise, go n-ordóidh sé/sí ionchúiseamh agus cuirfear tús le triail (*Féach tuilleadh sonraí i Rannán 5*). | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98) | 2* |
| **IOMLÁN NA dTORTHAÍ** | | | **3238** |

* Is é atá san fhigiúr seo ná tagairt don líon comhad, a d'eascair as gearáin, a seoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus ar ina leith a d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh. **Is féidir nár cuireadh an triail ar siúl sa bhliain 2018**.

2 Imscrúduithe faoi mhaoirseacht nó imscrúduithe gan mhaoirseacht.

## Cásanna a Scoirtear Díobh

Scoireann GSOC de líon ard imscrúduithe gach bliain ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta, scoirtear de chásanna toisc go gcinneann gearánach gan comhoibriú nó toisc go n-aimsítear i scrúdú tosaigh nach bhfuil fiúntas ag baint leis an ngearán. In amanna, déantar méid suntasach oibre trí ráitis a thógáil agus finnéithe a chur faoi agallamh ach níl aon fhianaise neamhspleách ann lena ndéanfaí an líomhain a chruthú nó a bhréagnú. Scoirtear de chásanna nuair a thagann sé chun solais nach bhfuil gá le himscrúdú eile nó nach bhfuil imscrúdú eile indéanta le réasún.

Áiríodh na himscrúduithe seo leis na himscrúduithe ar scoireadh díobh sa bhliain 2018:

Thug tiománaí tacsaí glao ar na gardaí, á rá go ndearna paisinéir, a shainaithin é féin mar gharda, ionsaí air. Chuaigh gardaí chun na láithreach agus thug siad ráitis ina dhiaidh sin á dheimhniú go bhfaca siad achrann idir an tiománaí tacsaí agus duine a sainaithníodh a bheith ina chomhalta den Gharda Síochána. Dúirt finnéithe ar gardaí iad go raibh an garda ar meisce.

Chuir an Garda Síochána an ní ar aghaidh chuig GSOC agus thoiligh an tiománaí tacsaí le himscrúdú a bheith á dhéanamh ag GSOC.

Chuir GSOC tús le himscrúdú faoi alt 98 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, toisc go bhféadfadh gurbh ionann agus cionta coiriúla na líomhaintí a leagadh amach sa ghearán.

Tógadh ráitis ón tiománaí tacsaí agus ó na gardaí a tháinig chun na láithreach. Dúirt an tiománaí go ndeachaigh an paisinéir isteach ina thacsaí agus gur iarr an paisinéir air an méadar a chur as. Tar éis don tiománaí a rá go mbeadh sé ag briseadh an dlí dá gcuirfeadh sé an méadar as, rinne an paisinéir ionsaí air. »

» Thug an tiománaí tacsaí glao ar 999. D'fhreagair gardaí agus, ar an láthair a bhaint amach dóibh, chonaic siad an paisinéir agus an tiománaí taobh amuigh den charr. Bhí an paisinéir, a sainaithníodh a bheith ina gharda, ar meisce.

Bhíothas ag leanúint le himscrúdú GSOC go dtí gur inis an tiománaí tacsaí don imscrúdaitheoir de chuid GSOC nach raibh sé ag iarraidh an ní a shaothrú.

De bharr a tharraingthe siar, tugadh an t-imscrúdú coiriúil de chuid GSOC chun deiridh, is é sin le rá gur scoireadh de.

Chuaigh údaráis an Gharda Síochána i dteagmháil le GSOC agus, ag deireadh na bliana 2018, bhí údaráis an Gharda Síochána ag breithniú cé acu a thionscnódh nó nach dtionscnódh siad gníomh araíonachta.

### Achoimre ar chás

Rinne duine gearán le GSOC á rá gur sheiceáil garda na sonraí de chuid tríú páirtí ar an gcóras PULSE agus gur chomhroinn sé/sí sonraí faoi thaifead an tríú páirtí ar bhealach a chuaigh chun dochar don ghearánach.

Dúirt an gearánach go raibh sé i gcomhluadar roinnt daoine nuair a tháinig an grúpa ar gharda, a thóg sonraí an ghearánaigh agus na sonraí de chuid duine amháin de na daoine eile.

Dúirt an gearánach gur sheiceáil an garda sonraí an duine eile ar an gcóras PULSE agus gur inis an garda do dhuine eile NACH garda é/í go bhfuil taifead coiriúil ag an duine sin. Líomhain an gearánach go ndearna an duine ar thug an garda an fhaisnéis sin dó/di an fhaisnéis a chomhroinnt le duine éigin eile.

Dúirt an gearánach gur thug roinnt ball dá theaghlach a gcúl dó toisc gur chomhroinn an garda an fhaisnéis sin le daoine eile. »

» Chuir GSOC tús le himscrúdú coiriúil ar an ní – ainmníodh é mar ní coiriúil toisc go bhféadfadh, dá gcruthófaí an líomhain a leagadh amach, go measfaí í a bheith ina sárú tromchúiseach gan údar ar an gceart chun príobháideachta atá ag duine. D'fhéadfadh gurbh ionann é sin agus sárú ar alt 62 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú. (Cuirtear cosc ar ghardaí, ar bhaill foirne is sibhialtaigh agus ar chonraitheoirí le halt 62 faisnéis a fuarthas le linn a ndualgais a chomhlíonadh a nochtadh más eol don duine gur dócha go mbeidh drochéifeacht ag baint le nochtadh na faisnéise sin).

Tharraing an gearánach an gearán siar tamall beag tar éis thús an imscrúdaithe. Scoireadh den imscrúdú de chuid GSOC ansin.

## Achoimre ar chás

Rinne duine ar iarradh air áit phoiblí a fhágáil gearán le GSOC faoin dóigh ar bhain gardaí den áit é.

Chuir baill foirne óstáin fios ar na gardaí tar éis do roinnt aíonna gearán a dhéanamh faoi iompraíocht an fhir. D'iarr gardaí ar an bhfear an t-óstán a fhágáil agus tionlacadh amach as an bhfoirgneamh é ar deireadh thiar.

Rinne an fear gearán le GSOC agus ainmníodh an t-imscrúdú a bheith ina imscrúdú faoi alt 98 (is é sin, imscrúdú coiriúil), mar thoradh ar an úsáid líomhnaithe fornirt ag gardaí. Luaigh an gearánach sa ráiteas uaidh gur 'leagadh lámh air' chun é a thabhairt amach as an óstán – bhí sé míshásta freisin leis an dóigh ar labhair na gardaí leis.

Fuair GSOC ráitis ó bhaill foirne an óstáin, a dúirt go ndearna roinnt aíonna gearán faoi iompraíocht an fhir i limistéar an bheáir. D'amharc GSOC ar phíosaí scannáin TCI freisin. »

» Chinn an t-imscrúdaitheoir nár nochtadh aon chionta sna píosaí scannáin TCI. Chinn GSOC freisin gur chaith na gardaí 'go foighneach agus go cothrom' leis an ngearánach agus nach raibh aon fhianaise ann ar mhíchúirtéis ar thaobh na ngardaí.

Scoireadh den imscrúdú.

## Achoimre ar chás

D'inis duine do GSOC go raibh sé ag seoladh 'taispeántas oideachasúil' in áit phoiblí nuair a d'inis garda dó go ndearnadh gearáin faoin ábhar a bhí á thaispeáint go poiblí aigesean agus ag daoine eile. D'inis an gearánach do GSOC go ndúirt an garda leis comhartha a thabhairt anuas. Dhiúltaigh sé do dhéanamh amhlaidh, á rá go raibh an ceart aigesean agus ag daoine eile chun bheith ann.

Dúirt sé gur tharraing an garda an comhartha síos é féin agus gur 'bhrúigh sé comhghleacaí' de chuid an ghearánaigh ansin. D'inis an gearánach do GSOC go ndearnadh damáiste do mhaoin lena linn (le linn ghníomh an gharda) agus chreid an gearánach gur thaispeáin an garda claonadh in aghaidh thuairimí an ghearánaigh agus thuairimí a chomhghleacaithe.

Chuir GSOC tús le himscrúdú faoi alt 98 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (is é sin, imscrúdú coiriúil), toisc gur maíodh sa líomhain a leagadh amach go bhféadfadh go ndearnadh ionsaí agus mí-úsáid údaráis.

Thug an duine ar líomhain an gearánach gur bhrúigh an garda é gearán le GSOC agus dúirt sé gur mheirgí grafacha iad. Dúirt an finné sin nach raibh gearán á dhéanamh aige - bhí sé ar dhuine de na hagóideoirí ach ní raibh sé ag iarraidh ach ráiteas a thabhairt ar an rud a tharla. Toisc gur dhiúltaigh sé do ghearán a dhéanamh, moladh go scoirfí den ní agus dúnadh an cás.

**Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Araíonachta**
Má tá gearánach míshásta leis an toradh ar imscrúdú gan mhaoirseacht a rinne ceannfort de chuid an Gharda Síochána, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadfaidh sé a iarraidh go ndéanfadh oifigeach de chuid GSOC athbhreithniú ar an ní. Is é an ról atá ag GSOC sna hathbhreithnithe sin a fháil amach an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh an toradh cuí air.

Níl an chumhacht ag GSOC cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh nó an toraidh. Tugann GSOC tuarascáil do Choimisinéir an Gharda Síochána i gcásanna ina dtagann ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú agus/nó faoin dóigh ar thángthas ar thoradh an imscrúdaithe. Ós rud é gur cuireadh an próiseas araíonachta i gcrích sna cásanna sin, ní fhéadfar an cás a athoscailt ná an toradh a athrú. Táthar dóchasach go gcuirfidh an t-aiseolas le laghdú ar shaincheisteanna den chineál céanna in imscrúduithe sa todhchaí.

Fuair GSOC **55** iarraidh ar athbhreithniú sa bhliain 2018 (i dtaca le himscrúduithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018 nó i mblianta eile). Díobh sin, cuireadh **50** ceann i gcrích faoi dheireadh na bliana agus bhí **5** cinn ar oscailt fós.

**Smachtbhannaí**
I gcás gurb amhlaidh in imscrúdú a dhéanann an Garda Síochána faoi alt 94 (imscrúdú faoi mhaoirseacht nó imscrúdú gan mhaoirseacht) nó in imscrúdú a dhéanann GSOC faoi alt 95 go n-aimsítear fianaise á léiriú go bhféadfadh go ndearna garda sárú ar na Rialacháin Araíonachta, déanann an Garda Síochána cinneadh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú. Féadfar roinnt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, ag brath ar a thromchúisí atá an sárú a aimsíodh. Tá sé faoi Choimisinéir an Gharda Síochána aon smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. Is leagtha amach i dTábla 2 atá na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2018 tar éis cinntí go ndearnadh sárú araíonachta.

**Tábla 2:** Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm sa bhliain 2017 tar éis imscrúduithe araíonachta

| Smachtbhanna | Líon |
|---|---|
| Tugadh comhairle | 36 |
| Gearradh fíneáil | 9 |
| Tugadh foláireamh | 6 |
| Tugadh rabhadh | 10 |
| Tugadh iomardú | 3 |
| Rinneadh laghdú i bpá nár mhó ná pá dhá sheachtain | 8 |
| Rinneadh laghdú i bpá nár mhó ná pá ceithre seachtaine | 2 |
| **IOMLÁN NA SMACHTBHANNAÍ** | **74** |

Mar aon leis na torthaí thuas, ar thorthaí iad a bhain le hiompar gardaí aonair, tarraingíodh aird in imscrúduithe áirithe ar chásanna ina bhféadfadh gur eascair an fhadhb as saincheist shistéamach nó bhainistíochta, seachas iompar duine aonair. D'fhonn an líon gearán den chineál sin a thiocfadh aníos sa todhchaí a laghdú, nó d'fhonn deireadh a chur leo, seoladh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána roinnt moltaí i dtaca le beartais agus/nó le cleachtais – féach rannán 6 chun sonraí a fháil.


## 1.6.4 An tAm a Tógadh chun Cásanna a Dhúnadh

Sa bhliain 2018, laghdaigh GSOC an t-am a thóg sé chun cásanna a dhúnadh i roinnt imscrúduithe. In imscrúduithe eile, áfach, go háirithe imscrúduithe coiriúla agus réitigh neamhfhoirmiúla, bhí méadú ann san am a thóg sé. Tá seans ann go bhfuil tosca amhail castacht na gcásanna nó acmhainní laistigh de GSOC taobh thiar den am méadaithe a bhíothas ag tógáil chun imscrúduithe a dhúnadh. Tá GSOC tiomanta d'fheabhas a chur ar an am a thógann sé chun imscrúduithe a dhúnadh/a chur i gcrích. Léirítear i gCairt 6 an t-am airmheánach a tógadh chun cásanna a dhúnadh de réir a gcineáil faoi dheireadh na bliana 2018.

### Imscrúduithe Coiriúla

Ag deireadh na bliana 2018, ba é **147** lá an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe coiriúla

**Cairt 6:** An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh (laethanta)




* Ós rud é nár osclaíodh ach cás nua réitigh neamhfhoirmiúil amháin sa bhliain 2018, ní féidir aon 'mheán' fiúntach a thabhairt

a dhúnadh. B'ionann an figiúr sin agus méadú ar an bhfigiúr 32 lá don bhliain 2017.

Bíonn imscrúduithe coiriúla faoi réir próiseas athbhreithnithe, rud a bhfuil bearta caighdeánacha rialaithe i gceist leis. Mar chuid den phróiseas sin, déanann Oifigigh Shinsearacha Imscrúduithe athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá ar oscailt ar feadh 60 lá agus déanann an Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá ar oscailt ar feadh 90 lá. Cuirtear cásanna atá ar oscailt ar feadh 120 lá faoi bhráid an Stiúrthóra Oibríochtaí le haghaidh cinntí cuí. Ag an am céanna, tá cásanna a gcatagóirítear go bhfuil líomhain an-tromchúiseach i gceist iontu ina n-ábhar d'athbhreithniú a dhéanann an Stiúrthóir Oibríochtaí agus an Coimisiún Ombudsman gach dhá mhí.

### Imscrúduithe Araíonachta gan Mhaoirseacht

Is iad Oifigigh Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIOnna) a dhéanann imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht. Ba é **268** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin ag deireadh na bliana 2018. Ba mhéadú é sin ar an bhfigiúr 256 lá don bhliain 2017. Go dtí an bhliain 2018, bhí feabhas leantach ann a d'fhág go bhfuil laghdú dhá mhí, beagnach, tagtha ar an bhfad airmheánach le roinnt blianta anuas.

### Imscrúduithe Araíonachta faoi Mhaoirseacht

Is iad Oifigigh Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána, faoi mhaoirseacht ag oifigigh imscrúduithe de chuid GSOC, a dhéanann imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht. De réir na bPrótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain/140 lá. Ba é **281** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin sa bhliain 2018, rud ar méadú 8 lá é ar an bhfigiúr don bhliain 2017.

### Imscrúdú Neamhchoiriúil arna dhéanamh ag GSOC

Faoi alt 95 den Acht, féadfaidh imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána é féin tabhairt faoi imscrúduithe neamhchoiriúla arna ndéanamh ag GSOC. Ba é **253** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin. Is méadú 50 lá é sin ar an bhfigiúr don bhliain 2017.


# RANNÁN 2: IMSCRÚDUITHE NEAMHSPLEÁCHA TAR ÉIS BÁIS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH

## 2.1 TARCHUIR ÓN NGARDA SÍOCHÁNA FAOI ALT 102(1)

Foráiltear don méid seo a leanas le halt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005: *"Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig an gCoimisiún Ombudsman aon ní a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar comhalta den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Fuair GSOC 38 dtarchur sa bhliain 2018, i gcomparáid le 24 tharchur sa bhliain 2017 agus 51 tarchur sa bhliain 2016. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a thugann an chumhacht chun tarchur do cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu as a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil sé cuí teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

**Cairt 7:** Cúinsí taobh thiar de na Tarchuir





### An Dóigh a nImscrúdaíonn GSOC Nithe faoi alt 102

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ní.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ní. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé ó am go chéile go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht ar thaobh garda. Ag an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**Cairt 8:** Cineálacha Imscrúdaithe i dTarchuir (An Líon Iomlán Tarchur a Fuarthas: 38)




Ba le básanna a bhain cúig cinn déag de na tarchuir a fuarthas sa bhliain 2018. Bhain cúig cinn díobh sin le teagmhais tráchta ar bhóithre.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Ceanglaítear ar chomhlachtaí stáit na hÉireann, an Garda Síochána san áireamh, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh

"ar shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin" (alt 3(1)). Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, ba cheart, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin:

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Tráthúlacht
- Iniúchadh ag an bPobal
- Rannpháirtíocht a bheith ag Íospartaigh.

Ós rud é gurb é GSOC a dhéanann imscrúduithe den sórt sin, comhlíontar an ceanglas maidir le neamhspleáchas. Bíonn aird againn ar sheasamh leis na ceithre phrionsabal eile freisin. Tá baint dhíreach ag rannpháirtíocht a bheith ag íospartaigh leis an obair a rinneadh sa bhliain 2018 chun cloí leis an reachtaíocht ina leagtar amach na cearta atá ag íospartaigh na coireachta.

### Achoimre ar chás

Tarchuireadh chuig GSOC cás an fhir a rinne iarracht féinmharaithe sular chuir baill teaghlaigh fios ar na gardaí.

Chinn gardaí a chuaigh chun na láithreach gur cheart an fear a choimeád faoi alt 12 den Acht Meabhair-Shláinte.

Chuir siad glais lámh air ar mhaithe lena shábháilteacht féin agus le sábháilteacht daoine eile. Tar éis tamaill, ní raibh an fear ábalta freagairt. Iarradh otharcharr agus thosaigh beirt chéad fhreagróirí ar an láthair ag tabhairt athbheochan chardascamhógach (CPR) dó. Úsáideadh dífhibrileoir freisin ach fógraíodh an fear a bheith marbh am éigin tar éis é a thabhairt chun an ospidéil.

Tharchuir gardaí an ní chuig GSOC faoi alt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 – leagtar síos leis go 'dtarchuirfidh' Coimisinéir an Gharda Síochána chuig GSOC aon ní a léiríonn, de réir cosúlachta, "go bhféadfadh go raibh iompar comhalta den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine" [aistriúchán neamhoifigiúil].

Rinne GSOC imscrúdú agus tháinig sé ar an gconclúid nárbh fhéidir aon chiontaíl i mbás an fhir a chur síos do ghníomhartha na ngardaí. »

» Is amhlaidh, áfach, gur chuir GSOC comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de réir cheanglais Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Seoladh comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Mhol GSOC ann nach dtionscnófaí aon ionchúiseamh – thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ordú gan ionchúiseamh a thionscnamh.


### Achoimre ar chás

Rinne an Garda Síochána tarchur chuig GSOC faoi alt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, tar éis bhás na mná a bhí i dteagmháil leis na gardaí díreach roimh a bás. Rinneadh imscrúdú neamhspleách chun na cúinsí taobh thiar de bhás na mná a fháil amach. Fuarthas amach san imscrúdú gur cuireadh fios ar na gardaí tar éis do dhuine den phobal bean a bhí ag siúl cois bóthair san oíche agus í ar meisce a fheiceáil. D'aimsigh gardaí an bhean agus thiomáin siad í chuig an teach a shainaithin sí a bheith mar sheoladh di. D'fhág siad ansin í agus lean siad lena ndualgais. Shiúil an bhean amach ón áit sin am éigin ina dhiaidh sin. Buaileadh le feithicil í agus fuair sí bás.


Tarchuireadh an ní chuig GSOC. Aimsíodh san imscrúdú a rinne GSOC gur fhreagair gardaí do ghlaonna inar tarraingíodh imní anuas faoi bhean a bhí ag súil san oíche ar bhóthar nach raibh soilse air. Thairg na gardaí síob abhaile don bhean chun a sábháilteacht a chinntiú. Ní raibh aon chúis ag na gardaí lena chreidiúint gur mhícheart a bhí an seoladh a thug an bhean. Chomh maith leis sin, ní raibh sí chomh meisciúil sin go raibh idirghabháil gardaí ag teastáil. Níor nochtadh san imscrúdú go ndearna gardaí aon sáruithe araíonachta agus ní dhearna GSOC aon ghníomh bhreise.

**Léirítear sna léarscáileanna thíos dáileadh geografach na dtarchur a rinne an Garda Síochána sa bhliain 2018.**

**Léarscáil 3:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith a áireamh)




**Léarscáil 4:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath



### 2.1.2 Torthaí na n-imscrúduithe tar éis tarchur

Dhún GSOC 30 imscrúdú sa bhliain 2018, cinn ar cuireadh tús leo (sa bhliain 2018 nó i mblianta roimhe) mar thoradh ar tharchuir ón nGarda Síochána.

| | |
|---|---|
| Dúnadh an cás tar éis don scrúdú tosaigh a léiriú nach raibh aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht a raibh garda ina c(h)úis léi. | 10 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh aon fhianaise ar mhí-iompraíocht a raibh garda ina c(h)úis léi<br>– ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 11 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 0 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– níor chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 2 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina c(h)úis leis<br>– ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 3 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – ordaíodh ionchúiseamh. | 1 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – níor ordaíodh ionchúiseamh. | 3 |
| Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobhálaithe agus mar nach raibh aon saincheisteanna imní eile ann. | 0 |
| **IOMLÁN** | **30** |

# RANNÁN 3: IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

De bhreis ar fhoráil a dhéanamh do nithe a bheith á dtarchur chuig GSOC ag Coimisinéir an Gharda Síochána, foráiltear le halt 102 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, d'imscrúduithe a dhéanamh chun leas an phobail, fiú i gcásanna nach bhfuil gearán ná tarchur arna dhéanamh ag Coimisinéir an Gharda Síochána iontu.

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tÚdarás Póilíneachta iarraidh ar GSOC nithe áirithe a imscrúdú. Chomh maith leis sin, féadfaidh siad iarraidh ar GSOC a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart dó ní a imscrúdú.

Féadfaidh GSOC a chinneadh freisin go ndéanfaidh sé imscrúduithe i gcásanna nach bhfuil gearáin ná tarchuir iontu.

Foráiltear don méid seo a leanas le halt 102(4) den Acht:

*"Féadfaidh an Coimisiún Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ní a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh–*

(a) go ndearna comhalta den Gharda Síochána cion, nó
(b) gur iompair comhalta den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta" [aistriúchán neamhoifigiúil].

Luaitear in alt 102(5) freisin:

*"Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh chun leas an phobail, iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ní is cúis le hábhar imní go bhféadfadh go ndearna comhalta den Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ní" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

De bhreis air sin, féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta iarraidh ar GSOC nithe a imscrúdú chun leas an phobail agus féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta agus an tAire araon ní a tharchur chuig GSOC chun go mbreithneodh an Coimisiún Ombudsman cé acu ba cheart nó nár cheart dó é a imscrúdú chun leas an phobail.

Osclaíodh seacht gcinn déag (17) d'imscrúduithe chun leas an phobail sa bhliain 2018. Dúnadh 14 cinn díobh.

Déantar cur síos achomair anseo ar thrí cinn de na 17 n-imscrúdú chun leas an phobail ar oscail GSOC iad sa bhliain 2018.

- Trí thuairiscí sna meáin, tháinig an Coimisiún Ombudsman ar an eolas go raibh fo-mheaisínghunna ar iarraidh go sealadach ó fheithicil oifigiúil Gardaí agus gurb é duine den phobal a thug an t-arm tine caillte ar ais. Bhí imní ar an gCoimisiún faoi na tuairiscí sna meáin agus faoin easpa slándála a maíodh sna tuairiscí sin. Bhí an Coimisiún den tuairim go mbeadh imscrúdú neamhspleách ag teastáil chun a chinntiú go mbeadh muinín ag an bpobal as formhaoirseacht sibhialtach ar an bpóilíneacht le linn tréimhse ina bhfuil líon méadaithe gardaí faoi airm ar na sráideanna. Tá an t-imscrúdú ar siúl fós.

- Thionscain an Coimisiún Ombudsman imscrúdú chun leas an phobail mar thoradh ar thuairiscí sna meáin go bhfuair duine den phobal rochtain ar Áras an Uachtaráin. Tuairiscíodh gur thiomáin an duine den phobal isteach sa gheata tosaigh, gur shiúil sí isteach sa doras tosaigh agus gur thug sí aghaidh ar an Uachtarán Ó hUigínn. Cosnaíonn an Garda Síochána an geata tosaigh sin. Bunaithe ar na tuairiscí sna meáin agus ar an easpa slándála a maíodh iontu, thionscain an Coimisiún Ombudsman imscrúdú. Tá an t-imscrúdú ar siúl fós.

- Thionscain an Coimisiún Ombudsman imscrúdú chun leas an phobail mar thoradh ar fhaisnéis a fuair sé ón nGarda Síochána. Tugadh le fios san fhaisnéis sin go bhféadfadh gurbh amhlaidh, roimh di feithicil a bhí á tiomáint ag duine den phobal a bhualadh, gur ar bhealach contúirteach agus gan cúram cuí a bhí veain Gardaí á tiomáint. Bhí príosúnach istigh sa veain agus bhí sí á tiomáint ó stáisiún Gardaí. Tá an t-imscrúdú ar siúl fós.

## Achoimre ar chás

Tharchuir an Garda Síochána ní chuig GSOC tar éis do thriúr comhaltaí d'Aonad Tacaíochta Réigiúnach an Gharda Síochána a n-airm leictreacha seoltóra (gléasanna Taser) a scaoileadh i dteach teaghlaigh.

Cuireadh na gardaí ón Aonad Tacaíochta Réigiúnach chuig teach tar éis glao a tugadh ar ghardaí. Insíodh sa ghlao go raibh duine a raibh scian aici ag bagairt go ndéanfadh sí dochar di féin agus dá páirtnéir. Bhí an duine a thug an glao ar na gardaí ar an duine a d'oscail an doras.

Agus an duine ag labhairt leis na hoifigigh, tháinig an duine faoi airm i láthair os comhair na ngardaí. D'iarr na hoifigigh uirthi a lámha a thaispeáint dóibh. Nuair a rinne sí amhlaidh, chonaic na gardaí go raibh scian ina lámh aici.

D'ordaigh gardaí di an scian a ligean as a lámh. Thug siad rabhadh di, á rá go raibh gléasanna Taser acu agus go scaoilfeadh siad iad dá mba ghá. Thug an duine a raibh an scian ina lámh aici áladh ar na gardaí. Ag an bpointe sin, scaoil an triúr comhaltaí go léir a ngléas Taser ag an aon am amháin.

Thug na comhaltaí garchabhair don bhean sular tugadh chun an ospidéil í chun go mbainfí di na 'friofaic' a scaoileadh ó na gléasanna Taser.

Cuireadh GSOC ar an eolas faoi agus seoladh imscrúdú ar na cúinsí a bhí taobh thiar de scaoileadh na ngléasanna Taser.

Thángthas ar an gconclúid san imscrúdú a rinne GSOC gur dhleathach a bhí an scaoileadh agus gur fhreagair na comhaltaí den Aonad Tacaíochta Réigiúnach ar bhealach comhréireach sna cúinsí.

## Achoimre ar chás

D'oscail GSOC imscrúdú chun leas an phobail toisc gur scaoil gardaí a n-airm thine tar éis dóibh dul sa tóir ar fhir faoi airm agus iad a stopadh. »

» Fuair an Garda Síochána faisnéis á léiriú go raibh na daoine a bhí ag tiomáint feithicle, agus a raibh arm tine ina seilbh acu, ag beartú duine aonair eile a scaoileadh.

Cuireadh roinnt aonad, lenar áiríodh aonaid faoi airm, chun na háite ina raibh feithicil amhrasta a raibh beirt fhear inti.

Tiomáineadh an fheithicil faoi an-luas agus chuaigh an triúr gardaí sa tóir uirthi. Le linn na tóra, caitheadh mála a raibh gunna láimhe ann amach as an bhfeithicil – fuair gardaí an mála ina dhiaidh sin.

Stad an fheithicil agus rith na fir a bhí istigh inti i dtreo feithicil eile a bhí ag fanacht. D'éirigh leis na gardaí a bhí sa tóir orthu duine amháin díobh a stopadh agus a ghabháil. Idir an dá linn, d'fhéach an fear eile leis an láthair a fhágáil san fheithicil a bhí ag fanacht. Bhuail sé carranna páirceáilte agus é ag déanamh amhlaidh.

Na gardaí a ghabh an chéad fhear, chreid siad go raibh siad i gcontúirt de dheasca thiomáint ionsaitheach an fhir eile san fheithicil. Dá bhrí sin, scaoil an garda urchar amháin as arm tine leis an tiománaí. Scaoil gardaí eile sé urchar eile leis an tiománaí.

Lean an tiománaí leis an bhfeithicil a ionramháil go hionsaitheach agus d'éalaigh sé sa deireadh.

Tar éis dó an fhaisnéis a bhí ar fáil a bhreithniú, chinn GSOC go n-imscrúdódh sé an teagmhas de réir alt 102(4) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Leagadh díriú san imscrúdú ar cé acu ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh gur dhleathach agus riachtanach a bhí scaoileadh na n-arm tine, agus ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh go ndearnadh cionta faoi alt 8 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990 (Arm tine a scaoileadh go meargánta).

Cinneadh san imscrúdú a rinne GSOC gur dhleathach agus riachtanach sna cúinsí a bhí scaoileadh na n-arm tine ag na comhaltaí.

## AN MHEICNÍOCHT ATHBHREITHNITHE NEAMHSPLEÁCH

De bhreis orthu sin thuas, ba ar oscailt fós ag deireadh na bliana 2018 a bhí ceithre imscrúdú a tháinig chuig GSOC ón Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách.

Bhunaigh Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag an am, an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách sa bhliain 2014. Bhí sé mar chuspóir ag an Meicníocht breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar gardaí agus ar laigí agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Bunaíodh painéal a chuimsigh beirt abhcóidí sinsearacha agus cúigear abhcóidí sóisearacha chun líomhaintí a athbhreithniú.

Faoi alt 102(5) d'Acht an Gharda Síochána, d'iarr an tAire ar GSOC imscrúdú a dhéanamh ar 21 chás a d'eascair as an Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách. Osclaíodh deich gcinn de na himscrúduithe sa bhliain 2015 agus osclaíodh 11 cheann díobh sa bhliain 2016. Den 21 imscrúdú a fuarthas, bhí ceithre cinn ar oscailt fós ag deireadh na bliana 2018.

# RANNÁN 4: AN TIONSCNAMH IDIRGHABHÁLA ÁITIÚLA

## CÚLRA

Le blianta fada anuas, tá GSOC an-eolach ar an easpa sástachta a mhothaíonn daoine tar éis dóibh gearán a dhéanamh faoin drochsheirbhís a fuair siad ó ghardaí. Tá sé eolach freisin go bhféadfadh an fad ama a thógtar chun an cineál gearáin sin a imscrúdú faoi Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) strus suntasach a chur ar an ngarda is ábhar do ghearán. Chuathas i mbun díospóireachta le húdaráis an Gharda Síochána roinnt blianta ó shin d'fhonn teacht ar mhodh níos sásúla chun gearáin a réiteach. Mar sin, nuair a chuir an Garda Síochána togra le haghaidh Idirghabháil Áitiúil i láthair GSOC ag deireadh na bliana 2017, féachadh ar an tionscnamh sin mar chéim an-dearfach i dtreo obair le chéile chun na cuspóirí atá ag GSOC faoi alt 67[3] a bhaint amach. Bhí GSOC i bhfách go mór leis an tionscnamh ag an am agus tá sé i bhfách go mór leis go fóill.

I dtús na bliana 2018, tosaíodh scéim phíolótach le haghaidh gearáin leibhéal seirbhíse a réiteach i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Láir.

**Tábla 4:** Ina leagtar amach an ghníomhaíocht a rinneadh thar thréimhse na scéime píolótaí suas go deireadh na bliana 2018

| | | | |
|---|---|---|---|
| A (Sráid Chaoimhín) | 12 | 10 | 2 imscrúdú |
| B (Sráid an Phiarsaigh) | 29 | 14 | 7 n-imscrúdú<br>Dúnadh 6 cinn<br>Tá 2 cheann fós amuigh |
| E (Domhnach Broc) | 6 | 5 | Dúnadh 1 cheann |

Réitíodh 62% de ghearáin chun sástacht an ghearánaigh.  Ba ghá naoi gcás a imscrúdú tuilleadh agus tarchuireadh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána iad lena n-imscrúdú gan mhaoirseacht. Dúnadh trí chás toisc gur theip ar na gearánaigh a ngearán a shaothrú trí dhul i dteagmháil le GSOC agus dúnadh trí chás eile toisc gur bhain an gearánach sástacht amach sula bhféadfaí an próiseas a thosú. Bhí dhá chás fós ar láimh ag deireadh na bliana.

Leathnaíodh an scéim phíolótach chuig an Réigiún Thoir Theas – a chuimsíonn Ceatharlach/Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Loch Garman – sa dara cuid den bhliain 2018.

Chuathas i mbun díospóireachta le Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar ag deireadh na bliana 2018 freisin agus cuireadh socruithe i bhfeidhm ansin le haghaidh Idirghabháil Áitiúil a thabhairt isteach ó go luath sa bhliain 2019.

Gan an scéim a bheith ann, is dóigh go ndéileálfaí le formhór na nithe sin mar chuid den phróiseas gearáin fhoirmiúil faoi Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána. Is é atá i gceist leis an bpróiseas sin ná go ndéanann ceannfort nó cigire de chuid an Gharda Síochána imscrúdú ar ghearáin agus go ndéanann ball foirne de chuid GSOC bainistíocht ar an bpróiseas.

Léirítear i sonraí staitistiúla a bailíodh thar na deich mbliana seo a chuaigh thart go bhféadfadh go mbeadh ar an duine den phobal a rinne gearán agus ar an ngarda nó na gardaí a ndearnadh an gearán ina (h)aghaidh nó ina n-aghaidh fanacht ar feadh tréimhse naoi mí (nó níos mó) go dtí go gcríochnófaí an t-imscrúdú agus go dtabharfaí fógra dóibh faoin toradh. San imscrúdú, ní fhéadfaí aghaidh a thabhairt ach ar an tsaincheist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh aon mhí-iompraíocht ann ar thaobh an gharda nó na ngardaí. Mar sin, ní fhéadfaí an tsaincheist a spreag an gearánach chun teagmháil a dhéanamh le GSOC ar an gcéad ásc 'a réiteach' ann.

Osclaíonn GSOC na céadta imscrúdú gach bliain ar líomhaintí faoi mhíchúirtéis agus faoi fhaillí 'íseal-leibhéil' i ndualgas (amhail an teip glao ar ais a thabhairt), ar imscrúduithe iad ar gá do GSOC agus don Gharda Síochána acmhainní a leithdháileadh orthu.

Ba in aghaidh an chúlra sin a chomhaontaigh an Garda Síochána agus GSOC próiseas nua a thabhairt isteach agus rud a dtugaimid an tionscnamh Idirghabhála Áitiúla air a fhorbairt. Tugadh an tionscnamh isteach chun sástacht a bhaint amach do ghearánaigh nach raibh sásta leis an leibhéal seirbhíse a fuair siad ón nGarda Síochána agus, rud chomh tábhachtach céanna,

3 Is iad seo a leanas na cuspóirí atá ag GSOC de réir alt 67(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005:
A chinntiú go gcomhlíontar a chuid feidhmeanna ar bhealach éifeachtúil éifeachtach ina gcaitear go cothrom le gach duine atá bainteach le gearáin agus le himscrúduithe faoi Chuid 4 (an tAcht) maidir le hiompar comhaltaí den Gharda Síochána, agus muinín an phobail a chothú as an bpróiseas a úsáidtear chun na gearáin sin a réiteach [aistriúchán neamhoifigiúil].

chun deis a thabhairt do lucht ardbhainistíochta an Gharda Síochána faireachán a dhéanamh ar an tseirbhís do chustaiméirí agus í a fheabhsú. Gné lárnach den phróiseas ar fad, áfach, ba ea an comhaontú a fuarthas ón ngearánach chun páirt a ghlacadh sa phróiseas nua. Ní fhéadfaí tabhairt faoi aon idirghabháil áitiúil gan an comhaontú sin. Gné riachtanach eile ba ea cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána a shannadh chun idirghabháil a dhéanamh, agus chruthaigh sé sin a bheith tairbhiúil. Ba mhór ag na gearánaigh go ndearna garda a raibh údarás aige/aici teagmháil leo agus go raibh an garda sin ag obair thar a gceann chun na fíorais a bhunú agus an ní a réiteach dóibh.

Rud suntasach, ba mar thréimhse sé seachtaine a socraíodh an t-amscála uasta don phróiseas nua. Mura bhféadfaí an ní a réiteach laistigh den tréimhse ama sin, dhéileálfaí leis faoin bpróiseas caighdeánach a úsáidtear do gach gearán eile. Mar sin féin, thóg sé níos mó ná sé seachtaine chun déileáil le líon beag nithe a tarchuireadh le haghaidh idirghabhála. Tharla sé sin toisc go raibh an cigire ag iarraidh a chinntiú go rabhthas ag tabhairt faoin bpróiseas agus go gcuirfí ar aghaidh é.

Is é an mhalairt ar idirghabháil áitiúil ná próiseas araíonachta fada a thionscnamh, ar próiseas é nach dtugtar aghaidh ann ar an gcroí-shaincheist a ndearnadh gearán fúithi.

Tá díospóireacht ar siúl cheana féin maidir leis an gclár a leathnú de réir a chéile go dtí go mbeidh sé ar bun ar fud na tíre faoi dheireadh na bliana 2019.

## AN SCÉIM PHÍOLÓTACH

Cuirtear síos sa rannán seo ar na gnéithe sin de scéim phíolótach an tionscnaimh idirghabhála áitiúla a dhéanfar a mhacasamhlú de réir mar a leathnaítear an tionscnamh chuig rannáin eile de chuid an Gharda Síochána.

Nuair a fhaigheann GSOC gearán, cinneann sé cé acu atá nó nach bhfuil an ní oiriúnach d'idirghabháil áitiúil.

Is iad saincheisteanna leibhéal seirbhíse, amhail gearáin faoi mhíchúirtéis nó faoi fhaillí íseal-leibhéil i ndualgas, na haon saincheisteanna amháin a bhreithnítear le haghaidh idirghabháil áitiúil. Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha saincheisteanna a bhreithnítear:

- Cásanna inar soláthraíodh seirbhís ar dhroch-cháilíocht nó ar dhroch-chaighdeán
- Cásanna inar soláthraíodh seirbhís neamhéifeachtúil nó nach bhfuarthas aon seirbhís iontu
- Cásanna ina rabhthas neamhshibhialta/mímhúinte
- Cásanna nach bhfuarthas aon fhreagra ar chumarsáid iontu

Má tá an tsaincheist oiriúnach don phróiseas, déanfaidh GSOC teagmháil leis an ngearánach, míneoidh sé an próiseas idirghabhála áitiúla agus fiafróidh sé den ghearánach an dtoilíonn sé/sí leis an ngearán a bheith á shaothrú ar an mbealach sin. Má thugann an gearánach toiliú, tarchuirfidh GSOC an ní chuig cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána, a bhainisteoidh an próiseas thar ceann an Gharda Síochána ansin.

Mar chuid den phróiseas, déanfaidh an cigire ainmnithe teagmháil leis an ngearánach thar an teileafón chun a fháil amach cé na gníomhartha nó na torthaí atá á lorg aige/aici. Rachaidh an cigire i mbun díospóireachta leis an gcomhalta lena mbaineann freisin chun a iniúchadh conas a tháinig an tsaincheist chun cinn. Níl sé i gceist leis an bpróiseas milleán a leagan ar dhuine aonair – is é an aidhm atá leis aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a tarraingíodh anuas agus foghlaim ó na nithe a tharla chun a chinntiú nach dtarlóidh siad arís.

Má réitítear gearán chun sástacht an ghearánaigh, tabharfaidh an cigire fógra do GSOC faoi sin. Déanfaidh GSOC teagmháil leis an ngearánach ansin chun an tsástacht a dheimhniú agus chun aiseolas a fháil ar an bpróiseas. A luaithe a bheidh an gearánach sásta, dúnfar an comhad.

Más rud é nach n-éireoidh leis na hiarrachtaí a dhéanfar an gearán a réiteach trí idirghabháil áitiúil, tarchuirfear an gearán ar ais chuig GSOC. Cinnfidh sé ansin cé acu ba cheart nó nár cheart an gearán a ghlacadh lena imscrúdú tuilleadh.

## AN PRÓISEAS

Maidir le gach cás a fhaigheann GSOC, is mar 'cheisteanna' a thaifeadtar iad ar dtús ar an gCóras Bainistíochta Cásanna. Ní dhéanfar na cásanna sin a uasghrádú ina ngearáin go dtí go mbeidh faisnéis dhóthanach ar fáil lena gcumasófar do GSOC a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an cás inghlactha.

Is mar 'cheisteanna', seachas mar 'ghearáin', a dhéileálfar go fóill le cásanna a shainaithnítear a bheith oiriúnach d'idirghabháil áitiúil. Tá sé sin tábhachtach toisc go bhfuil an tAcht faoina n-oibríonn GSOC – is é sin, Acht an Gharda Síochána, 2005 – measartha saintreorach maidir leis na gníomhartha nach mór do GSOC iad a dhéanamh a luaithe a dhéanfar ceist a chatagóiriú mar ghearán. Mar shampla, ní mór fógra a

thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána faoi gach gearán a fhaightear, is cuma cé acu a mheastar nó nach meastar iad a bheith inghlactha; ní mór fógra a thabhairt do chomhaltaí den Gharda Síochána fúthu freisin; agus, a luaithe a bheidh gearán inghlactha, ní mór Oifigigh Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána a cheapadh nó ní mór cur de chúram ar imscrúdaitheoirí de chuid GSOC na himscrúduithe a dhéanamh.

### Céim 1

A luaithe a mheasfaidh GSOC go bhfuil 'ceist' oiriúnach d'idirghabháil áitiúil, déanfaidh sé teagmháil leis an duine den phobal a tharraing an tsaincheist anuas agus fiafróidh sé den duine sin an gcomhaontóidh sé/sí le hidirghabháil áitiúil.

Má thugann an duine toiliú, seolfaidh GSOC an ní chuig an gcigire ainmnithe.

### Céim 2

Déanfaidh an cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an ngearánach agus gheobhaidh an cigire amach cé na gníomhartha nó na torthaí atá á lorg ag an ngearánach. Déanfar é sin laistigh de sheacht lá ón ní a fháil ó GSOC.

### Céim 3

Déanfaidh an cigire teagmháil leis an ngarda a ndearnadh gearán faoi/fúithi maidir leis na saincheisteanna a tarraingíodh anuas d'fhonn míshástacht shainráite an ghearánaigh a phlé agus d'fhonn teacht ar réiteach.

### Céim 4

Déanfaidh an cigire teagmháil leis an ngearánach chun é/í a chur ar an eolas faoin ngníomh atá á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ní. Má réitítear an ní chun sástacht an ghearánaigh, tabharfar fógra do GSOC faoin toradh. Tabharfaidh an cigire fógra don chomhalta den Gharda Síochána freisin go bhfuil an ní curtha i gcrích. Mura réitítear an ní, tabharfaidh an cigire fógra do GSOC faoi sin. Déanfaidh GSOC cinneadh ansin ar an ngníomh breise, más ann dó, ba cheart a dhéanamh. Cinnfidh GSOC ag an am sin cé acu atá nó nach bhfuil an gearán inghlactha.

### Céim 5

Déanfaidh GSOC teagmháil leis an ngearánach chun réiteach an ní a dheimhniú nó, mura réitítear an ní, cinnfidh GSOC cé acu ba cheart nó nár cheart an gearán a ghlacadh lena imscrúdú tuilleadh.

### Neamhainmníocht

Murab ionann agus gearáin, ní dhéanann GSOC aon cheangal idir comhaltaí den Gharda Síochána agus na cásanna sin atá ar ár gCóras Bainistíochta Cásanna. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar de sin ná comhaltaí den Gharda Síochána a spreagadh páirt a ghlacadh sa phróiseas, agus fios acu roimh ré nach n-imreoidh sé sin aon tionchar diúltach orthu.

## STAITISTICÍ

Coinneoidh GSOC agus na cigirí ainmnithe staitisticí faoin líon gearán leibhéal seirbhíse agus faoi chineál na ngearán leibhéal seirbhíse a rinneadh agus a réitíodh.

Comhthiomsófar na staitisticí sin ar bhonn comhpháirteach le GSOC agus tabharfar iad ar bhonn ráithiúil d'Oifigigh Réigiúnacha agus Áitiúla agus Oifigigh Rannáin an Gharda Síochána agus d'Aonad Cumarsáide agus Taighde GSOC. Tabharfar cóip den chéanna d'Aonad Gnóthaí Inmheánacha an Gharda Síochána. Léireofar sna staitisticí sin an líon saincheisteanna a tarchuireadh, a réitíodh nó a seoladh ar ais gan réiteach chuig GSOC agus an cineál réitigh a lorgaíodh/a baineadh amach. Ina theannta sin, ceanglófar ar an gcigire ainmnithe treochtaí a shainaithint agus, trí shonraí gan ainm a sholáthar, na fionnachtana a scaipeadh ar bhonn áitiúil ar mhaithe le feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraítear sa limistéar áitiúil agus ar mhaithe le deis a thabhairt do GSOC breithniú a dhéanamh ar an mbealach is cuí chun gearáin amach anseo a tharchur le haghaidh idirghabháil áitiúil.

## CONCLÚID

### Treochtaí atá ag teacht chun cinn

Shainaithin GSOC ceithre threocht cheana féin a spreag daoine den phobal teagmháil a dhéanamh leis an oifig chun a míshástacht a chur in iúl. Tarraingíodh aird údaráis an Gharda Síochána orthu sin d'fhonn athruithe a bhaint amach.

<u>Maoirseacht</u>

Tugtar leis an gcóras PULSE deis do mhaoirseoirí an Gharda Síochána amharc ar ualach oibre a mball foirne agus gníomh a dhéanamh i gcásanna nár cuireadh aon obair i gcrích iontu. Is cosúil nach ndéanann maoirseoirí aon ghníomh uaireanta i leith na mbratach lena léirítear moill ar dhul chun cinn (cé gur féidir go mbíonn tosca maolaitheacha i gceist). Is cosúil freisin gur féidir moill a chur ar imscrúduithe dá bharr sin agus

gur cuireadh moill orthu i ndáiríre cheana féin. Ní chuirtear daoine den phobal ar an eolas faoi dhul chun cinn ach oiread.

Saoire Bhreoiteachta
Bhí cásanna ann san am atá thart ina raibh comhaltaí den Gharda Síochána ar shaoire bhreoiteachta ar feadh tréimhsí éagsúla ama. Ní eol do dhaoine den phobal nach bhfuil aon rochtain ag gardaí ar an ríomhphost lasmuigh den áit oibre agus ní thugtar freagra uathoibrithe ar aon ríomhphoist a fhaightear. Níl aithne acu ar na maoirseoirí lena mbaineann agus ní threoraítear iad chucu chun cúnamh a fháil sna cásanna sin ach oiread.

Cumarsáid
Bhain formhór na ngearán le líomhaintí go raibh teip ann. Le linn idirghabháil áitiúil, fuarthas amach nach raibh, tríd is tríd, aon teip ann dualgais a chur i gcrích. Thángthas ar an teip cumarsáid a dhéanamh, áfach. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gardaí cumarsáid mhéadaithe le daoine den phobal, is cuma cé acu atá dea-scéala nó drochscéala á thabhairt acu dóibh. Is dóigh go laghdóidh cumarsáid d'aon chineál an líon teagmhálacha a dhéanfaidh an pobal le GSOC.

Míchúirtéis
Líomhnaíonn daoine den phobal go dtaispeánann gardaí a gciapadh/a bhfrustrachas ar bhealach míchuí spontáineach. Cailleann gardaí a ghníomhaíonn ar an mbealach sin ról an mhórálaí mhóir nuair a íslíonn siad a gcaighdeáin agus nuair a labhraíonn siad le duine aonair ar bhealach míchúirtéiseach.

## IMPLEACHTAÍ COSTAIS

Cé gur tugadh an tionscnamh seo isteach roimh fhoilsiú na tuarascála ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (i mí Mheán Fómhair), tá sé ar aon dul, den chuid is mó, le moltaí na tuarascála. Mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta go láidir gur mar ní bainistíochta a dhéileálfadh an Garda Síochána le rudaí ar thug sé gearáin 'seirbhíse' orthu, seachas iad a chur láithreach faoi réir próiseas araíonachta foirmiúil.

Sa tionscnamh áitiúil, oibríonn GSOC agus an Garda Síochána ar bhealach comhoibríoch ar féidir leis dul chun tairbhe do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an pobal.
Is suntasach – agus dearfach – do GSOC agus don Gharda Síochána araon atá na himpleachtaí acmhainne a bhaineann le líon mór gearán a bheith á réiteach go tapa áitiúil. Gach gearán a chuirtear faoi réir an phróisis imscrúdaithe fhoirmiúil (faoi alt 94 d'Acht an Gharda Síochána, 2005), caitheann ceannfort agus cigire de chuid an Gharda Síochána míonna nó blianta, uaireanta, ag déanamh imscrúdú orthu thar ceann GSOC. Leagann siad éilimh freisin ar na baill foirne de chuid GSOC atá freagrach as an bpróiseas gearáin a bhainistiú agus/nó as maoirseacht a dhéanamh ar an imscrúdú.

Dá ndéanfaí gearáin seirbhíse áirithe a atreorú chuig idirghabháil áitiúil, ar gearáin iad a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar d'imscrúduithe fada ar shlí eile, bheadh tuilleadh ama ag a lán oifigeach sinsearach de chuid an Gharda Síochána agus ag a lán ball foirne de chuid GSOC a ndualgais eile a chur i gcrích.

# RANNÁN 5: GNÍOMHAÍOCHT DLÍ TAR ÉIS IMSCRÚDUITHE COIRIÚLA

Déanann GSOC imscrúduithe coiriúla tar éis gearáin (a ndéantar cur síos orthu i rannán 1) agus tarchuir (a ndéantar cur síos orthu i rannán 2) a fháil ón nGarda Síochána agus ó dhaoine eile, lena n-áirítear, mar shampla, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Má tharlaíonn sé tar éis an imscrúdaithe go mbeidh an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh gur chion a bhí in iompar aon chomhalta nó aon chomhaltaí atá faoi imscrúdú, ní mór do GSOC comhad a sheoladh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Seolann GSOC comhaid chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí freisin i gcás go bhfuair duine bás agus é/í faoi choimeád an Gharda Síochána nó tar éis don duine éagtha bheith i dteagmháil le gardaí, fiú amháin i gcás nár tháinig GSOC ar aon fhianaise ar éagóir ar thaobh na ngardaí. Ghlac GSOC an beartas sin ag féachaint d'Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chinneann cé acu a ionchúiseofar nó nach n-ionchúiseofar an cás sa chúirt.

## COMHAID A SEOLADH CHUIG AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ

Sa bhliain 2018, sheol GSOC 17 gcomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí tar éis imscrúdú coiriúil ag imscrúdaitheoirí de chuid GSOC. Ag eascairt as na comhaid sin:

- tugadh 4 ordú go ndéanfaí ionchúiseamh
- tugadh 9 n-ordú nach ndéanfaí aon ionchúiseamh
- bhí 4 chinneadh ar feitheamh ag deireadh na bliana 2018

De bhreis air sin, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nach ndéanfaí ionchúiseamh i dtaca le comhad a raibh cinneadh ina leith ar feitheamh ag deireadh na bliana 2017.

Tugadh orduithe go ndéanfaí ionchúiseamh sna cásanna seo a leanas:

- Cúiseamh amháin i dtuairisc bhréagach a dhéanamh, contrártha d'alt 12(A) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976 (níor bhain sé seo le comhalta den Gharda Síochána)
- Ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Bhain sé seo le beirt chomhaltaí ar leith den Gharda Síochána
- Tiomáint chontúirteach, contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961
- Cúiseamh amháin in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine (cion achomair amháin); cúiseamh amháin i dtiomáint chontúirteach (cion achomair amháin); cúiseamh amháin in úsáid a bhaint as feithicil nach raibh ceadúnas mótarchánach i bhfeidhm di, contrártha d'alt 13(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1920; agus cúiseamh amháin i mainneachtain diosca cánach a thaispeáint, contrártha d'alt 73(1) den Acht Airgeadais, 1976.

## CÁSANNA A CUIREADH I GCRÍCH SA CHÚIRT SA BHLIAIN 2018

Bhí sé chás a tháinig as imscrúduithe coiriúla de chuid GSOC os comhair na gcúirteanna sa bhliain 2018 – bhain gach ceann díobh le comhaid a seoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí roimh an mbliain 2018.

- An 5 Feabhra 2018, phléadáil garda ciontach in ionsaí gnéasach a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990. Cuireadh téarma príosúnachta dhá bhliain ar an ngarda an 12 Deireadh Fómhair 2018 (féach an painéal chun an cás-staidéar a léamh).
- An 23 Feabhra 2018, cúisíodh garda in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine. Fuarthas an garda neamhchiontach.
- An 5 Márta 2018, déileáladh le beirt chomhaltaí den Gharda Síochána trí bhíthin rabhadh aosach. Cúisíodh an bheirt díobh in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (féach an painéal chun an cás-staidéar a léamh). Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a dhéanann an cinneadh chun rabhadh aosach a thabhairt.
- Ciontaíodh comhalta den Gharda Síochána i dtiomáint neamhaireach. Gearradh fíneáil €500 ar an gcomhalta i mí an Mhárta 2018.
- Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána in dhá chúiseamh in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Déileáladh leis an gcomhalta trí bhíthin rabhadh aosach. Tugadh an rabhadh aosach an 9 Samhain 2018.
- I mí na Nollag, ciontaíodh garda i dtiomáint chontúirteach is trúig bháis.

## Rabhadh Aosach

Tháinig an Scéim um Rabhadh Aosach i bhfeidhm sa bhliain 2006 mar mhalairt ar dhaoine a ionchúiseamh i leith cionta áirithe. Is faoin gceannfort áitiúil de chuid an Gharda Síochána (nó faoin gcigire de chuid an Gharda Síochána atá ag gníomhú mar Oifigeach Ceantair) atá sé a chinneadh cé acu a thabharfar rabhadh aosach nó a thionscnófar ionchúiseamh. I gcás imscrúduithe ó GSOC, áfach, is faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí atá sé a chinneadh cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar rabhadh.

Ní mór an rabhadh a thabhairt i stáisiún Gardaí, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

Sula bhféadfar rabhadh aosach a thabhairt, ní mór don duine a cúisíodh i gcion glacadh le freagracht as an iompraíocht atá i gceist agus ní mór foláireamh (rabhadh) a thabhairt dó/di ansin gur dóigh go n-ionchúiseofar é/í i gcás go mbeidh sé/sí ciontach in aon iompraíocht choiriúil den chineál céanna amach anseo.

Ní mór an ciontóir a mheas a bheith oiriúnach don rabhadh freisin. Is minic a mheasfar daoine nach bhfuil aon chiontuithe acu roimhe seo a bheith incháilithe do rabhadh aosach a fháil. I bhformhór na gcásanna, níor cheart do dhuine rabhadh aosach a fháil ach uair amháin. Ní mheasfar duine a bheith oiriúnach do rabhadh aosach eile a fháil ach amháin i gcúinsí eisceachtúla (mar shampla, i gcás gur mionchion é an dara cion nó i gcás go ndeachaigh tamall fada thart ó rinneadh an chéad chion). Ní mór cead an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a lorg i gcásanna den sórt sin.

Ba cheart tuairimí an íospartaigh a lorg agus a bhreithniú sula dtabharfar aon rabhadh aosach.

Ní fhéadfar rabhadh aosach a thabhairt ach amháin i leith cionta sonraithe áirithe.

Áirítear leis na taifid sin:

- mion-ionsaithe (is é sin le rá, ionsaithe atá contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997)
- bheith ar meisce in áit phoiblí, iompar mí-ordúil in áit phoiblí agus roinnt cionta eile atá contrártha don Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 »
- gadaíocht, i gcás nach mó luach na maoine ná €1,000 (contrártha d'alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, agus
- cionta ag duine óltach (contrártha d'alt 6 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003).

I gcásanna a eascraíonn as imscrúduithe ó GSOC, tabharfar an rabhadh i láthair oifigeach de chuid GSOC. Iarrfar ar oifigigh de chuid GSOC tuairimí an pháirtí dhíobhálaithe a lorg agus, cé go gcuirfear tuairimí an pháirtí dhíobhálaithe san áireamh, ní bheidh siad cinntitheach. Mura bhfuil an páirtí díobhálaithe ag iarraidh go ndéileálfaí leis an ní trí bhíthin rabhadh aosach, ba cheart don Gharda Síochána an ní a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanfaidh an cinneadh deiridh.

### Cásanna a bhí ar feitheamh os comhair na gCúirteanna ag deireadh na bliana 2018

- Cúisíodh garda in ionsaí gnéasach a dhéanamh ar mhionaoiseach
- Cúisíodh garda in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, agus i ndamáiste coiriúil a dhéanamh, contrártha d'alt 2(1) den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991
- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúisimh i dtiomáint chontúirteach is trúig bháis, contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, i dtiomáint chontúirteach is cúis le díobháil thromchúiseach a dhéanamh, contrártha d'alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, i láthair tionóisce a fhágáil, contrártha d'alt 106(1)(B), agus i mainneachtain cúnamh a thairiscint, contrártha d'alt 106(A) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961
- Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
- Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána i ngadaíocht a dhéanamh, contrártha d'alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, agus in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

- Cúisíodh duine (nach raibh ina c(h)omhalta den Gharda Síochána) i dtuairisc bhréagach a dhéanamh, contrártha d'alt 12(A) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976
- Cúisíodh beirt chomhaltaí den Gharda Síochána in ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine
- Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána in ionsaí a dhéanamh, contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, i dtiomáint chontúirteach, in úsáid a bhaint as feithicil nach raibh ceadúnas mótarchánach i bhfeidhm di agus i mainneachtain diosca cánach a thaispeáint.

## Achoimre ar chás

Tar éis imscrúdú ó GSOC, cuireadh téarma príosúnachta dhá bhliain ar gharda i leith ionsaí gnéasach a dhéanamh.

Tosaíodh an t-imscrúdú coiriúil tar éis do bhean ráiteas a dhéanamh i stáisiún Gardaí. Sa ráiteas sin, rinne sí cur síos ar ionsaí gnéasach a rinne fear uirthi cúpla lá roimhe sin. B'eol di go raibh an fear ina gharda ag an am. Rinne an Garda Síochána roinnt fiosruithe sular seoladh an gearán chuig GSOC. Fiafraíodh den íospartach an dtoileodh sí leis an ní a bheith á shaothrú ag GSOC. Thug sí an toiliú sin.

Rinne imscrúdaitheoirí de chuid GSOC agallamh leis an íospartach agus le finnéithe eile maidir leis na heachtraí a bhí taobh thiar den ionsaí gnéasach líomhnaithe.

Fuarthas amach gur tharla an teagmhas tar éis imeacht carthanúil ar ar fhreastail an bhean agus roinnt cairde agus daoine aitheantais dá cuid. D'fhan an grúpa, a raibh garda as dualgas ina mheasc, thar oíche i lóistín de stíl árasáin. Bhí béile agus roinnt deochanna acu le chéile sular fhill siad ar an lóistín, áit ar lean siad leis an scléip. »

» Chuaigh an bhean go dtí a leaba agus lean na daoine eile ag labhairt sa seomra suí den lóistín. Mhúscail fear – a bhí ina bhall den ghrúpa – an bhean tamall ina dhiaidh sin. Bhí an fear ar an leaba léi agus bhí sé ag baint mí-úsáid ghnéis aisti.

Rinne an fear iarracht a leithscéal a ghabháil leis an mbean agus lena fear chéile ar Facebook an lá dár gcionn, ach chuaigh an lánúin chuig stáisiún Gardaí tamaillín ina dhiaidh sin, áit a ndearna siad ráiteas.

Le linn an imscrúdaithe ó GSOC, rinneadh anailís ar na teachtaireachtaí teileafóin agus meán sóisialta a seoladh agus ar na hagallaimh a rinneadh le daoine a d'fhreastail ar an imeacht carthanúil.

Tar éis an imscrúdaithe, sheol GSOC comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Thug an Stiúrthóir ordú go ndéanfaí an garda a ionchúiseamh i leith ionsaí gnéasach, contrártha d'alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.

Bhí an triail ar siúl os comhair giúiré agus mhair sí cúpla lá, ar lena linn a thug an t-íospartach agus daoine eile fianaise. San fhianaise uaithi, labhair an bhean faoi na deacrachtaí a bhí aici ar dtús maidir leis an teagmhas a thuairisciú, agus í ag rá:

"Cé a chreidfeadh mise seachas garda, atá in ainm a bheith ina chrann taca don phobal agus beag beann ar an dlí?"

Phléadáil an garda ciontach díreach sula raibh an giúiré le tús a chur lena chuid plé.

Sheirbheáil Coimisinéir an Gharda Síochána páipéir dhífhostaithe air tar éis téarma príosúnachta dhá bhliain a chur air. Thairg sé éirí as ansin agus glacadh leis an tairiscint.

## Achoimre ar chás

Tar éis imscrúdú ó GSOC, cúisíodh bheirt ghardaí in ionsaí a dhéanamh.

Tháinig an t-imscrúdú sna sála ar tharchur a rinne ceannfort de chuid an Gharda Síochána chuig GSOC maidir le teagmhas inar gabhadh fear tar éis do roinnt feithiclí Gardaí dul sa tóir air ar feadh 45 nóiméad. Chríochnaigh an tóir nuair a d'imbhuail an carr a raibh na gardaí sa tóir air faoi fheithicil Gardaí.

Gabhadh an fear agus tógadh chuig stáisiún Gardaí é, áit ar léiríodh i dtorthaí tástála go raibh a leibhéal alcóil faoi bhun na teorann dlíthiúla. Ar a scaoileadh ón stáisiún, d'fhreastail an fear ar an ospidéal. Cuireadh cóireáil air de bharr roinnt gortuithe, lenar áiríodh cneá ar theastaigh roinnt greamanna ina leith.

Thug na gardaí a bhí páirteach sa tóir agus a bhí ar an láthair nuair a gabhadh an fear cuntais ar ar thit amach. Cuireadh na cuntais sin ar aghaidh chuig GSOC.

Dúirt roinnt gardaí gur streachail an fear agus gur chomhraic sé gabháil nuair a bhí sé á thógáil ón gcarr tar éis an imbhuailte.

Sna cuntais uathu, dúirt beirt de na gardaí go ndearna beirt ghardaí eile an fear a chiceáil agus a bhualadh nuair a bhí a bhéal faoi ar an talamh, agus glas láimh air.

Cé gur tosaíodh an t-imscrúdú ó GSOC de bhun tarchur a fháil faoi alt 102 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, rinne an fear gearán chuig GSOC freisin go ndearna gardaí ionsaí air.

Rinne GSOC imscrúdú coiriúil ansin, arbh é an toradh a bhí air gur seoladh comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfaí beirt ghardaí a ionchúiseamh i leith ionsaí a dhéanamh faoi alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. »

» Tamaillín roimh an éisteacht chúirte, rinne aturnae don bheirt ghardaí iarratas chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéileálfaí leis an ní faoin Scéim um Rabhadh Aosach (a mhínítear níos luaithe sa rannán seo). Chuathas i ndáil chomhairle leis an bpáirtí díobhálaithe agus le GSOC agus ní dhearna ceachtar díobh aon agóid ina aghaidh sin.

Tugadh rabhadh aosach don bheirt ghardaí ansin. Agus iad ag glacadh leis an rabhadh, d'admhaigh an bheirt go ndearna siad cion faoi alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine.

Dhún GSOC an t-imscrúdú uaidh agus ní dhearna sé aon ghníomh eile ina leith.

## Achoimre ar chás

Sheol GSOC imscrúdú coiriúil tar éis do dhuine gearán a dhéanamh le GSOC faoi theagmháil a bhí aige agus ag ball teaghlaigh dá chuid le garda as dualgas. Bhí an bheirt bhall teaghlaigh ag obair ar charr nuair a d'ordaigh fear dóibh an fheithicil a bhogadh. Chuir an fear in iúl dóibh go raibh sé ina gharda.

D'inis an gearánach do GSOC gur ordaigh an garda as dualgas dóibh arís agus arís eile an carr a bhogadh agus gur chuir sé a lámh ar ghéag an bhaill teaghlaigh eile roinnt uaireanta.

Chuir an garda as dualgas glao ar an stáisiún áitiúil Gardaí ansin maidir leis an teagmhas.

D'inis an gearánach do GSOC go ndeachaigh sé chuig an stáisiún níos déanaí agus, nuair a fiafraíodh de an raibh sé ag iarraidh gearán a dhéanamh, dúirt sé nach raibh sé ag iarraidh ach go ngabhfadh an garda as dualgas a leithscéal lena bhall teaghlaigh.

Fuair GSOC an gearán ansin agus, toisc gurbh ionann é agus líomhain go ndearnadh ionsaí, rinne sé imscrúdú coiriúil ar an ní faoi alt 98 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. »

» Le linn an imscrúdaithe, d’amharc an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC ar phíosaí scannáin a tógadh ar cheamara deaise an chairr a raibh an gearánach ag obair air tráth na teagmhála.

Dúirt an t-imscrúdaitheoir gur gabhadh an teagmhas sna píosaí scannáin agus gur taispeánadh iontu gur ghníomhaigh an garda as dualgas ar bhealach éilitheach agus míréasúnta. Níor thug sé deis don ghearánach ná don duine eile an carr a bhogadh sula ndeachaigh sé ar aghaidh chun éilimh eile a dhéanamh.

Taispeánadh sna píosaí scannáin gur chomhoibrigh an gearánach agus an duine eile leis an ngarda, tríd is tríd.

Sheol GSOC comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag deireadh an imscrúdaithe.

D’ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nach ndéanfaí aon ionchúiseamh sa chás seo.

Thug GSOC fógra do Choimisinéir an Gharda Síochána faoin gcinneadh ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus dúirt sé nach raibh aon bhunús ann le tuilleadh imscrúdaithe a bheith á dhéanamh ag GSOC i dtaca le nithe araíonachta.

# RANNÁN 6: EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS PÓILÍNEACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA

## MOLTAÍ SISTÉAMACHA

Le linn a gcuid imscrúduithe, tarlaíonn sé ó am go ham go dtagann imscrúdaitheoirí de chuid GSOC ar chleachtais agus saincheisteanna áirithe a gcreideann GSOC gur gá aird lucht bainistíochta an Gharda Síochána a tharraingt orthu. Is le saincheisteanna sistéamacha nó bainistíochta, seachas le hiompraíocht daoine aonair, a bhaineann na cleachtais agus na saincheisteanna atá leagtha amach anseo.

Creideann an Coimisiún Ombudsman gur gné thábhachtach den fhormhaoirseacht is ea aird a tharraingt ar shaincheisteanna sistéamacha agus bainistíochta nuair a thagann siad chun cinn agus moltaí a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlóidh teagmhais den chineál céanna arís.

**Tábla 5:** Moltaí a rinneadh don Gharda Síochána sa bhliain 2018

| | | | |
|---|---|---|---|
| SR1 | Tarchur faoi alt 102 | Oifigeach Idirchaidrimh Theaghlaigh a Imscaradh | Thosaigh GSOC imscrúdú ar na cúinsí a bhí taobh thiar de bhás tobann duine den phobal. Cé go bhfuarthas amach san imscrúdú nach ndearna an garda lena mbaineann aon sárú araíonachta, tharla sé go bhféadfadh sé níos mó a dhéanamh mar chomhalta den Gharda Síochána maidir le tromchúis na hiarrata ar chúnamh a fuarthas ón teaghlach a chur in iúl do ghardaí a bhí lonnaithe sa stáisiún áitiúil. Ina theannta sin, ba cheart don gharda, mar phóilín gairmiúil, ainm an duine ar chuir sé an teachtaireacht in iúl dó/di sa stáisiún Gardaí a dhoiciméadú.<br><br>Fuarthas amach freisin go bhféadfaí dul i dteagmháil le gaolta atá faoi bhrón agus a gcuid riachtanas agus ionchas a bhainistiú ar bhealach i bhfad níos fearr trí úsáid thiomnaithe a bhaint as Oifigigh oilte Idirchaidrimh Theaghlaigh.<br><br>Tharraing GSOC aird ar na teipeanna sistéamacha a sainaithníodh sa chás seo agus, go háirithe, d'fhéach sé leis na beartais seo a leanas a mheabhrú don Gharda Síochána:<br><br>1. Treoir lena gceanglaítear gurb amhlaidh, nuair a fhaigheann an Garda Síochána iarraidh ar sheirbhís, go dtaifeadfaí an iarraidh sin a luaithe a dhéantar í.<br><br>2. Treoir lena gceanglaítear gurb amhlaidh, nuair a fhaigheann comhalta den Gharda Síochána gearán nó tuairisc, go mbeadh dualgas ar an gcomhalta sin a (h) ainm agus a (h)uimhir theileafóin stáisiúin a thabhairt.<br><br>3. Beartas Idirchaidrimh Theaghlaigh an Gharda Síochána lena gceanglaítear gurb amhlaidh, nuair a mheasann an tOifigeach Ceantair é a bheith riachtanach, go ndéanfaí Oifigeach Idirchaidrimh Theaghlaigh de chuid an Gharda Síochána a imscaradh chuig teagmhas a bhfuil bás tobann i gceist leis. Leagtar amach sa bheartas freisin go bhfuil *"luath-imscaradh an Oifigigh Idirchaidrimh Theaghlaigh de chuid an Gharda Síochána ag an Oifigeach Ceantair ríthábhachtach maidir le rath sheirbhís Oifigeach Idirchaidrimh Theaghlaigh an Gharda Síochána a áirithiú. Is fíorthábhachtach atá ról ceannaireachta an Oifigigh Cheantair. Is fíorthábhachtach freisin go ndéanfaí cumarsáidí atá struchtúrtha go gairmiúil le híospartaigh/le teaghlach na n-íospartach díreach tar éis teagmhais thrámacha.*<br><br>**Seoladh an moladh an 15/02/018.**<br><br>**Fuarthas litir admhála an 31/07/2018.** |

| | Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Moladh agus freagra |
|---|---|---|---|
| SR2 | Imscrúdú chun Leas an Phobail | Feasacht na gComhaltaí ar Fhaisnéis maidir le Foláirimh | Le linn dó imscrúdú a dhéanamh ar chás a raibh gortú an-tromchúiseach i gceist leis, rinne GSOC moladh chun aird a tharraingt ar ábhair imní faoin bhfaisnéis a bhí ar fáil do chomhaltas ginearálta an Gharda Síochána faoi na rioscaí a bhain le duine amháin de na daoine a bhí i gceist, ar rioscaí iad a raibh gardaí áirithe ar an eolas fúthu. I dtaca leis sin, moladh go mbainfí úsáid mhéadaithe as an rannán Foláireamh den chóras PULSE.<br><br>**Seoladh an moladh an 20/04/2018**<br><br>**Ba léir sa fhreagra a fuarthas go ndearna an Garda Síochána machnamh domhain ar an moladh. Thug an Garda Síochána le fios go bhfuil sé mar chleachtas aige faoi láthair ábhar a scaipeadh chomh leathan agus a mheasann sé a bheith sábháilte agus cuí ón taobh oibríochtúil de. Thug sé le fios freisin go mbeadh baol ann, dá scaipfí foláirimh ar bhonn níos minice ar fud an Gharda Síochána, go laghdófaí an tionchar a bhíonn acu.** |
| SR3 | Imscrúdú faoi alt 94(1)/ Athbhreithniú faoi alt 94(10) | An Ról a bhíonn ag Comhaltaí in Athshealbhuithe Tí | Tháinig an moladh seo as imscrúdú a bhain leis an ról tacaíochta a bhíonn ag comhaltaí den Gharda Síochána in athshealbhuithe tí. Mhol GSOC go n-eiseofaí treoir maidir le freastal gardaí ar athshealbhuithe maoine.<br><br>Rinneadh moladh den chineál céanna sa bhliain 2013<br><br>**Seoladh an moladh an 23/07/2018**<br><br>**Fuarthas litir admhála ón Aonad Gnóthaí Inmheánacha an 24/09/2018** |
| SR4 | Imscrúdú faoi alt 94(1)/ Athbhreithniú faoi alt 94(10) | An Rannóg um Chúnamh Frithpháirteach/ Moill ar Iarratas a Dhéanamh ar Shonraí Cumarsáide | Tháinig an moladh seo as imscrúdú a rinne GSOC ar theachtaireachtaí maslacha agus bagracha a fuair an gearánach agus an bhean a raibh sé geallta léi trína gcuntais mheán sóisialta. Chuir an garda imscrúdaithe iarraidh faoi bhráid na Rannóige um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach, a d'inis dó go ndéanfadh sí faireachán ar an ní thar a cheann. Fuarthas freagra bliain amháin ina dhiaidh sin agus, sé mhí tar éis an freagra sin a fháil, rinne an garda iarratas ar shonraí faoi sheoltaí IP. Ní raibh na sonraí ar fáil a thuilleadh. Ba é an toradh a bhí ar an moill sa chás seo ná gur cailleadh fianaise ábhartha.<br><br>Mhol GSOC go ndéanfaí athbhreithniú ar na próisis atá ar bun laistigh den Rannóg um Chúnamh Frithpháirteach chun a chinntiú go ndéantar faireachán éifeachtach ar iarrataí ar shonraí cumarsáide agus, ar an mbealach sin, chun gur féidir aon fhiosruithe ina dhiaidh sin a thionscnamh laistigh den amscála a cheadaítear leis an reachtaíocht.<br><br>**Seoladh an moladh an 19/10/2018**<br><br>**Fuarthas litir admhála ón Aonad Gnóthaí Inmheánacha an 25/10/2018** |

| | Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Moladh agus freagra |
|---|---|---|---|
| SR5 | Tarchur faoi alt 102 | Caitheamh Criosanna Sábhála ag Comhaltaí den Gharda Síochána | Rinne GSOC imscrúdú tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre idir mótarfheithicil phríobháideach agus veain Gardaí. Deimhníodh i scrúdú ar na criosanna sábhála nach raibh crios sábhála ar an ngarda a bhí ina s(h)uí ar an suíochán paisinéara tráth an imbhuailte.<br><br>Molann GSOC go meabhródh an Garda Síochána do gach comhalta an ceanglas go gcuirfeadh siad criosanna sábhála orthu mar gheall ar an mbaol atá ann go bhfulaingeofaí gortú tromchúiseach agus mar gheall ar an eiseamláir ba cheart dóibh a thaispeáint do dhaoine den phobal maidir le forálacha na reachtaíochta um Thrácht ar Bhóithre a chomhlíonadh.<br><br>**Seoladh an moladh an 18/12/2018**<br><br>**Ní bhfuarthas aon fhreagra faoin 31/12/2018** |
| SR6 | Imscrúdú Coiriúil | Taifid Choimeádta - Maoin a Thaifeadadh | Baineann an tsraith moltaí seo le trí imscrúdú ar leith a rinne GSOC. Cé go bhfuil difríochtaí beaga ann idir na trí chás, tharla sé i ngach ceann díobh nár tugadh maoin an phríosúnaigh go díreach don Chomhalta i gCeannas ná don Gharda Príosúin tráth na próiseála agus nár taifeadadh an mhaoin sa taifead coimeádta.<br><br>Molann GSOC:<br><br>• Go meabhrófaí do **gach** garda oibríochtúil an ceanglas atá ann taifead coimeádta atá cruinn agus iomlán a chomhlánú agus gur gá gach maoin a thógtar ó phríosúnach a thaifeadadh go cuí.<br>• Go meabhrófaí do gach garda gur cheart gach maoin a thaifeadadh ar an taifead coimeádta i láthair an phríosúnaigh agus gur cheart don phríosúnach an taifead a shíniú. I gcás go ndiúltaíonn an príosúnach an taifead a shíniú, ní mór é sin a thaifeadadh sa taifead coimeádta.<br>• Go n-eiseofaí treoir lena gcuirtear in iúl do gach garda gur cheart aon mhaoin a urghabhtar nó a thógtar ón bpríosúnach tar éis na próiseála tosaigh a thaifeadadh freisin sa taifead coimeádta. I gcás go ndiúltaíonn an príosúnach an taifead a shíniú, ba cheart é sin a thaifeadadh.<br>• Go meabhrófaí do gach garda an oibleagáid atá ann go síneodh príosúnach dá m(h)aoin a fháil ar ais agus, i gcás go ndiúltaíonn an príosúnach déanamh amhlaidh, gur cheart é sin a thaifeadadh.<br>• Go dtabharfaí treoir do gach garda gur cheart aon mhaoin a urghabhtar ó phríosúnach sula gcuirtear é/í i láthair an chomhalta i gceannas a dhoiciméadú i leabhar nótaí an chomhalta agus gur cheart fógra a thabhairt don chomhalta i gceannas faoi sin ionas gur féidir an mhaoin a thaifeadadh sa taifead coimeádta. |

| | Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Moladh agus freagra |
|---|---|---|---|
| | | | • Go ndéanfadh an Garda Síochána athbhreithniú ar fud na Rannán uile chun a fháil amach cé na cleachtais "inmheánacha" a tháinig chun cinn agus chun comhsheasmhacht a chinntiú ina leith sin. Chabhródh sé sin le laghdú a dhéanamh ar an líon líomhaintí faoi ghadaíocht a chuirtear faoi bhráid GSOC in aghaidh gardaí agus thabharfadh sé cosaint bhreise do chomhaltaí nuair a dhéantar líomhaintí den sórt sin.<br>• Go ndéanfadh an Garda Síochána breithniú ar mhálaí maoine séalaithe crioscaíldíonacha a thabhairt isteach lena n-úsáid chun maoin príosúnach a stóráil agus iad faoi choimeád.<br><br>**Seoladh an moladh an 18/12/2018**<br><br>**Ní bhfuarthas aon fhreagra faoin 31/12/2018** |
| SR7 | Imscrúdú Coiriúil | Coimeád Taifead/ Pleanáil agus Bainistíocht Oibríochtaí an Gharda Síochána | Rinne GSOC imscrúdú tar éis do ghardaí cuardach a dhéanamh ar theach an ghearánaigh. I measc na líomhaintí a rinneadh, luaigh an gearánach gur gortaíodh a mac le linn an chuardaigh agus gur theastaigh uaidh cóireáil san ospidéal mar thoradh ar na cneácha a d'fhulaing sé ón ngloine a damáistíodh nuair a bhris gardaí an bealach isteach sa teach. Cé go bhfuarthas amach nach raibh fianaise dhóthanach ann chun na líomhaintí coiriúla a chruthú, tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn maidir leis an dóigh ar pleanáladh an oibríocht cuardaigh agus maidir leis na doiciméid a táirgeadh.<br><br>Molann GSOC:<br><br>• Gur cheart do gach garda oibríochtúil iontráil a dhéanamh ina leabhar nótaí maidir lena láithreacht le linn cuardaigh, ar iontráil í ina gcuirtear síos ar aon nithe a tháinig chun cinn.<br>• Go dtabharfaí treoir do gach garda oibríochtúil gur cheart don chomhalta iomchuí aon mhíreanna fianaiseacha nó aon mhíreanna a d'fhéadfadh a bheith fianaiseach a aimsíodh le linn cuardaigh a thaifeadadh ina leabhar nótaí féin, rud ina leagtar amach cén uair a aimsíodh an mhír agus cén áit ar aimsíodh í.<br>• Go n-eiseodh an Garda Síochána loga cuardaigh caighdeánaithe agus go n-eiseodh sé treoir lena gceanglaítear go n-úsáidfí an loga sin i ngach cuardach.<br>• Go meabhrófaí do gach garda na ceanglais atá i gcaibidil 8 de Bheartas Uileghabhálach an Gharda Síochána maidir le hÚsáid Fornirt, go háirithe sa mhéid gur cheart taifead cuí a dhéanamh ar na cruinnithe pleanála d'aon oibríocht bheartaithe ina mbeidh oifigigh faoi airm páirteach nó inar dóigh go n-úsáidfear forneart.<br>• Go meabhrófaí do gach garda an ceanglas atá i gcaibidil 8 de Bheartas Uileghabhálach an Gharda Síochána maidir le hÚsáid Fornirt, sa mhéid gur cheart plean oibríochta mionsonraithe agus ordú faisnéise oibríochta mionsonraithe a bheith ag gabháil le gach oibríocht bheartaithe agus gur cheart taifead cuí a dhéanamh ar gach cruinniú faisnéise. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Moladh agus freagra |
|---|---|---|
| | | • Go ndéanfadh an Garda Síochána breithniú ar theimpléid ordaithe oibríochta a leasú chun go n-áireofaí leo seicliosta trealaimh a bhfuil mar aidhm leis a dheimhniú gur seiceáladh aon trealamh bearnaithe agus go bhfuil sé in ord oibre sula n-úsáidtear é.<br><br>**Seoladh an moladh an 18/12/2018**<br><br>**Fuarthas litir admhála ón Aonad Gnóthaí Inmheánacha an 28/02/2019, inar luadh gur cuireadh na moltaí ó GSOC ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Cúnta um Shlándáil agus Faisnéis agus chuig daoine eile lena mbreithniú agus go gcuirfí GSOC ar an eolas faoi aon ghníomh a dhéanfaí de bhun na moltaí sin** |

# RANNÁN 7: NOCHTADH COSANTA

I mí an Mhárta 2018, sannadh na chéad imscrúdaitheoirí lánaimseartha de chuid GSOC don Aonad nuabhunaithe um Nochtadh Cosanta tar éis próiseas earcaíochta a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceadú an bhliain roimhe sin (2017) le haghaidh cúigear ball foirne a cheapadh chuig an aonad agus tugadh údarás le haghaidh cúigear eile a earcú chuig an aonad ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2018.

Bhí ceathrar oifigeach imscrúdaithe ann san aonad ag deireadh na bliana, lenar áiríodh an t-oifigeach imscrúdaithe sinsearach atá i gceannas ar an aonad agus a bhí ag obair le GSOC cheana féin agus ball foirne tacaíochta amháin nach ndéileálann ach le nochtaí cosanta. Rachaidh cúigear imscrúdaitheoirí eile agus anailísí amháin isteach san aonad sa bhliain 2019.

Shainaithin an Coimisiún Ombudsman roimhe sin go raibh aonad ar leith ag teastáil laistigh de GSOC, ar aonad é a dhéileálfadh le nochtaí cosanta ach nach ndéileálfadh le haon ghearáin eile a dhéantar ar an ngnáthbhealach le GSOC. Is go díreach don triúr Coimisinéirí Ombudsman a dhéanann Gardaí agus fostaithe eile den Gharda Síochána nochtadh cosanta. Próiseáiltear an nochtadh laistigh den Aonad um Nochtadh Cosanta ansin.

## FIGIÚIRÍ

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe.

Sa bhliain 2018, rinne comhaltaí agus/nó fostaithe den Gharda Síochána **24** nochtadh chosanta do GSOC faoi ailt 7 agus 8 den Acht um Nochtadh Cosanta. Ós rud é go raibh **25** nochtadh chosanta fós á scrúdú nó á n-imscrúdú ag deireadh na bliana 2017, bhí **49** gcinn san iomlán ar láimh sa bhliain 2018.

Scoireadh de **13** cinn le linn na bliana. Féadfaidh GSOC scor de nochtadh má chinneann sé, tar éis scrúdú a dhéanamh air, nach dtagann an ní faoi na paraiméadair atá leagtha amach in alt 5(3) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ina mionsonraítear na 'héagóiritheoireachtaí' iomchuí a chumhdaítear leis an reachtaíocht.

Féadfaidh sé a chinneadh freisin nach bhfuil sé riachtanach ná indéanta le réasún dul ar aghaidh i gcás go bhfuil an ní lena mbaineann á imscrúdú ag gníomhaireacht reachtúil cheana féin nó i gcás gur cuireadh faisnéis faoin ní ar fáil sa réimse poiblí cheana féin trí phróiseas amhail imeachtaí cúirte. Féadfar scor de nochtadh freisin i gcás go mbaineann sé le nithe nach bhfuil aon chumhachtaí imscrúdaitheacha reachtúla ag GSOC ina leith.

Féadfar scor de nithe ag aon am tar éis don duine a rinne an nochtadh tarraingt siar as an bpróiseas nó stopadh ag glacadh páirt ann.

Bhí na **36** nochtadh chosanta eile fós á scrúdú nó á n-imscrúdú ag deireadh na bliana 2018.

## BAILL FOIRNE GSOC AGUS NOCHTADH COSANTA

Sa bhliain 2016, chuir GSOC beartas agus nósanna imeachta ar bun trína bhféadfadh a bhaill foirne féin nochtadh a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ní bhfuarthas aon nochtaí inmheánacha sa bhliain 2018. Ní bhfuarthas aon chinn le linn na mblianta 2014, 2015, 2016 ná 2017 ach oiread.

# RANNÁN 8: AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ AGUS ROCHTAIN AR SHONRAÍ

## AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 agus tá feidhm aige maidir le próiseáil sonraí pearsanta laistigh den Aontas Eorpach. Ós rud é go bpróiseálann GSOC faisnéis phearsanta chun críocha imscrúduithe coiriúla, tá sé faoi réir na Treorach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí freisin. Tá feidhm ag an Treoir sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag rialaitheoirí sonraí atá inniúil ar chionta coiriúla a imscrúdú, a bhrath, a chosc nó a ionchúiseamh. Leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus déantar an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí a thrasuí i ndlí na hÉireann. Sa bhliain 2017, thosaigh GSOC ag obair chun oibleagáidí agus ceanglais an chórais nua chosanta sonraí sin a chomhlíonadh, agus lean sé leis an obair sin ar fud na bliana 2018.

Ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí i mí na Bealtaine 2018.

Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí freagrach as fógra agus treoir a thabhairt do bhaill foirne GSOC agus don Choimisiún araon maidir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí cosanta sonraí, as idirchaidreamh a dhéanamh le hoifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, de réir mar is gá, agus as gníomhú mar phointe teagmhála do gach ábhar sonraí.

D'iarr GSOC acmhainní breise chun tacú leis an ról sin sa chás gnó a seoladh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (agus a ceadaíodh ina dhiaidh sin) d'fhonn Aonad um Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise a bhunú go luath sa bhliain 2019. Lean Grúpa Cur Chun Feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ar aghaidh lena chuid oibre le linn na bliana. Mar chuid den obair sin, rinne sé próisis láimhseála sonraí GSOC a léarscáiliú, a chainníochtú, a athbhreithniú agus a leasú; rinne sé a bheartais chosanta sonraí agus a nósanna imeachta cosanta sonraí féin a athbhreithniú; agus rinne sé ár bhfoirm gearáin chaighdeánach, ár bhfógraí príobháideachta agus an t-ábhar ar ár suíomh Gréasáin a athdhréachtú.

Tugadh cur i láthair ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí don fhoireann ar fad le linn na bliana. Áirithíodh cúrsa i bhFeasacht ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí san Áit Oibre freisin agus soláthrófar é sin don fhoireann ar fad ar bhonn éigeantach sa bhliain 2019. Lean an Grúpa Cur Chun Feidhme ar aghaidh lena chuid oibre le linn na bliana 2018 agus bhí sé fós i mbun oibre i dtús na bliana 2019. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Chosaint Sonraí ach ríomhphost a sheoladh chuig dataprotection@gsoc.ie.

## SAORÁIL FAISNÉISE AGUS IARRATAÍ EILE AR FHAISNÉIS

Mar aon le faisnéis a thabhairt faoin reachtaíocht cosanta sonraí, tá GSOC faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, go páirteach freisin agus déileálann sé go rialta le hiarrataí ar fhaisnéis a dhéantar faoin Acht sin.

Fuarthas iarrataí ar chineálacha éagsúla faisnéise sa bhliain 2018, lenar áiríodh staitisticí maidir le scaoileadh arm tine gardaí, staitisticí maidir le gearáin, comhfhreagras idir GSOC agus comhlachtaí poiblí eile, agus faisnéis ó cháschomhaid shonracha. Tháinig na hiarrataí ó fhoinsí difriúla – ba ó iriseoirí, ó dhaoine den phobal agus ó ghearánaigh a fuarthas a bhformhór. Phróiseáil GSOC 47 n-iarraidh Saorála Faisnéise san iomlán sa bhliain 2018.

Tugann GSOC faisnéis don phobal freisin trí na huiríll a dhéanann comhaltaí den Oireachtas go díreach do GSOC nó tríd an bpróiseas ceisteanna parlaiminte.

Déanann GSOC idirchaidreamh rialta leis an Rannán Póilíneachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun faisnéis den sórt sin a thabhairt. Tá an líon iarrataí ar fhaisnéis a fuarthas sa bhliain 2018 leagtha amach thíos.

**Tábla 6:** Iarrataí ar fhaisnéis a próiseáladh sa bhliain 2018

| | |
|---|---|
| Iarrataí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 2003 agus 2018 | 65 |
| Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 47 |
| Uiríll ó chomhaltaí den Oireachtas | 16 |
| Ceisteanna ó na Meáin | 208 |
| Freagraí ar Cheisteanna Parlaiminte | 59 |

# RANNÁN 9: AN FHOIREANN

## LÍON FOIRNE

Ag an 31 Nollaig 2018, bhí 92 bhall foirne ann in GSOC, dá raibh 22 dhuine fostaithe sa Stiúrthóireacht Riaracháin agus dá raibh 70 duine fostaithe sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí. Bhí beirt oifigeach imscrúduithe de chuid GSOC ar iasacht don Bhinse um Nochtaí Cosanta ar feadh na bliana ar fad.

Mar aon leis an líon foirne sin, ba ag GSOC freisin a bhí triúr Coimisinéirí, beirt chonraitheoirí TFC agus duine amháin a bhí conraithe chun seirbhísí meán agus cumarsáide a sholáthar.

Chuir GSOC cás gnó faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Feabhra 2018, rud inar leagadh amach an gá práinneach a bhí aige le baill foirne bhreise ionas go bhféadfadh sé a shainchúram reatha a chomhlíonadh. Pléadh go príomha sa doiciméad sin leis an riachtanas láithreach a bhí ag GSOC le 37 mball foirne bhreise, dá raibh 24 dhuine ag teastáil chun croífheidhm na heagraíochta a chur i gcrích – is é sin, gearáin a láimhseáil agus a imscrúdú – agus dá raibh 13 dhuine ag teastáil sna róil riaracháin agus tacaíochta a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas. Tugadh sa doiciméad freisin sonraí faoi na hacmhainní breise a bheadh ag teastáil dá dtabharfaí isteach roinnt nó gach ceann de na hathruithe reachtacha a mhol GSOC roimhe sin.

Chuathas i mbun díospóireachta leis an dá Roinn ar fud na bliana 2018, ar lena linn a d'iarr GSOC cúigear ball foirne eile chun obair san Aonad nuabhunaithe um Nochtadh Cosanta. An 2 Samhain 2018, dheimhnigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i scríbhinn go bhfuarthas ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do gach duine den 42 bhall foirne a d'iarr GSOC a cheapadh.

Chuir GSOC tús láithreach le socruithe a dhéanamh do na baill foirne bhreise sin a earcú agus tá sé beartaithe go mbeidh gach duine den 42 bhall foirne fostaithe a luaithe is féidir sa bhliain 2019. I dtaca leis sin, agus toisc gur chuir an eagraíocht a cás gnó isteach cheana féin, sheol an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí feachtas thar ceann GSOC sa bhliain 2018 chun painéil a bhunú óna bhféadfadh GSOC na hoifigigh imscrúduithe bhreise dá bhforáiltear sa cheadú a earcú.

D'earcaigh GSOC roinnt ball foirne nua ó phainéil oscailte na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí chun folúntais a líonadh laistigh de Stiúrthóireacht Riaracháin GSOC sa bhliain 2018 agus úsáidfimid na painéil sin arís eile sa bhliain 2019 chun na baill foirne riaracháin bhreise dá bhforáiltear sa cheadú a earcú.

## FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Lean an Coimisiún Ombudsman le bheith tiomanta dá fhoireann a oiliúint, a uasoiliúint agus a fhorbairt sa bhliain 2018. A bhuí leis an obair a rinne Bainisteoir Foghlama agus Forbartha GSOC, a bhfuil a ról ar leithligh ón bhfeidhm acmhainní daonna i gcoitinne, bhíothas in ann freastal ar na riachtanais a bhí ag baill foirne GSOC le rochtain mhéadaithe a fháil ar dheiseanna foghlama agus forbartha. Taobh amuigh dár gclár oiliúna inmheánaí féin a phleanáil agus a chur chun feidhme, bhí baill foirne GSOC in ann leas a bhaint freisin as an tsraith clár a oibríonn Seirbhís Chomhroinnte an Aon Fhoghlama Amháin faoi Phlean Athnuachana na Státseirbhíse 2014.

Sa bhliain 2018, d'éascaigh an tAonad Foghlama agus Forbartha 26 cinn de chúrsaí nó cláir oiliúna do bhaill foirne GSOC. Ba faoi Chreat an Aon Fhoghlama Amháin a soláthraíodh 15 cinn díobh sin. D'fhreastail 73 dhuine dár 95 bhall foirne (triúr Coimisinéirí ina measc) ar cheann amháin ar a laghad de na cúrsaí sin. Is ionann é sin agus 80 faoin gcéad den fhoireann ar fad.


Áiríodh iad seo a leanas leis na cineálacha oiliúna is suntasaí a soláthraíodh do bhaill foirne GSOC sa bhliain 2018:

- Oiliúint feasachta i dTús Áite do Leanaí (54 bhall foirne sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí)
- Oiliúint do Theagmhálaithe Ainmnithe (14 bhall foirne sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí)
- Oiliúint in Agallóireacht Imscrúdaitheach (imscrúdaitheoirí)
- Oiliúint i nGrianghrafadóireacht Gortuithe (seisear cásoibrithe – oiliúint inmheánach)
- Oiliúint i gCosaint Sonraí do Rialaitheoirí Sonraí (beirt bhall foirne)
- Bonnchúrsa oiliúna ITIL (ball foirne TF amháin)
- Oiliúint in SharePoint 2013 d'Úinéirí Suímh (baill foirne éagsúla).

Chuir bainisteoirí líne GSOC cláir i gCeannaireacht Feidhmiúcháin agus i bhForbairt Bainistíochta i gcrích sa bhliain 2018. Thug roinnt ball foirne de chuid GSOC faoi chúrsaí oideachais agus oiliúna lasmuigh den obair freisin, de réir na scéime um aisíoc táillí dá bhforáiltear faoi Chiorclán 23/2007 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sa chiorclán sin, leagtar amach socruithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le Ranna agus Oifigí Rialtais leibhéil chuí scileanna agus saineolais a fhorbairt agus tacú le hoifigigh dul i mbun féinfhorbartha agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Agus é ag tacú le baill foirne ar an mbealach sin, léiríonn GSOC go bhfuil sé tiomanta do scileanna nua agus bealaí oibre nua a fhorbairt go leanúnach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht laistigh den eagraíocht agus aithníonn sé go bhfuil fiúntas ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt gairme a chuid ball foirne.

**Cairt 7:** Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Struchtúr Eagrúcháin




* Chuaigh an Stiúrthóir Riaracháin ar scor roimh dheireadh na bliana.

# CONCLÚID

Sa bhliain 2018, foilsíodh an Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Moladh go háirithe inti go ndéanfadh comhlacht gearáin leathnaithe, ar tugadh Oifig Neamhspleách an Ombudsman Póilíní air sa Tuarascáil, imscrúdú ar gach gearán faoi mhí-iompar líomhnaithe ag comhaltaí agus baill foirne is sibhialtaigh den Gharda Síochána.

Fuair GSOC ceadú le haghaidh baill foirne bhreise a earcú freisin, mar a bhí leagtha amach sa Chás Gnó a cuireadh isteach sa bhliain 2018, agus bhí roinnt den 42 bhall foirne bhreise sin i mbun a bpoist san eagraíocht faoi dheireadh na bliana.

Thosaigh an tAonad um Nochtadh Cosanta ar a sholáthar foirne féin a leathnú agus, dá bharr sin, bhí sé in ann tosú ag déileáil leis an riaráiste imscrúduithe a tháinig chun cinn sna blianta roimhe.

Áirithíodh oifig bhuan don fhoireann i gCorcaigh freisin agus bhí an t-áitreabh ar an Linn Dubh réidh lena áitiú faoi dheireadh na bliana.

Thug an Coimisiún Ombudsman faoi deara gur ghlac an Rialtas an Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn an 18 Nollaig 2018, go háirithe na moltaí maidir le formhaoirseacht ar ghearáin. Táthar ag súil leis go mbeidh na blianta 2019 agus 2020 ina gcinn ghnóthacha do GSOC, agus é ag aistriú ina eagraíocht nua a mbeidh sainordú méadaithe aige.

Chuaigh an tUas. Patrick Sullivan isteach sa Choimisiún i mí Iúil 2018. Agus é ag teacht ó Washington D.C., tá mórthaithí aige ar imscrúduithe agus formhaoirseacht a dhéanamh. Is aigesean freisin atá smaointe nua maidir le struchtúir formhaoirseachta agus maidir leis an ngá atá ann le feabhas a chur ar an gcumarsáid idir an Garda Síochána agus GSOC.

Bhuail GSOC le Drew Harris, Coimisinéir nua an Gharda Síochána, díreach tar éis dó dul i mbun an phoist i mí Mheán Fómhair 2018. Tugadh faoi deara go bhfuil taithí aige ar a bheith ag déileáil leis an Ombudsman Póilíní do Thuaisceart Éireann, a bhfuil baint againn leis, ó bunaíodh an eagraíocht sin sa bhliain 2000. Ghabh an Coimisiún buíochas le Coimisinéir an Gharda Síochána as bualadh linn ag céim chomh luath sin ina thionacht agus táthar ag súil leis go rannchuideoidh an taithí atá aige ar fhormhaoirseacht i dTuaisceart Éireann le caidreamh dearfach a chothú le GSOC sa todhchaí.

Leanann an chomhroinnt faisnéise idir an Garda Síochána agus GSOC le dúshláin a chruthú gach lá. Má tá GSOC chun imscrúduithe a chur ar aghaidh go rianúil, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí aon fhaisnéis ábhartha a shealbhaíonn an Garda Síochána ar fáil go pras d'fhoirne imscrúduithe. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí an méid sin, ní amháin ar mhaithe le bheith cothrom do dhaoine den phobal, ach ar mhaithe le bheith cothrom do na gardaí is ábhar do ghearáin freisin.

Nuair a bhíonn moilleanna ann ar an bhfaisnéis a thabhairt nó nuair a bhíonn teip ann an fhaisnéis a thabhairt, is amhlaidh go gcuirtear fad le himscrúduithe agus, dá bharr sin, go gcuirtear isteach arís eile ar na páirtithe uile lena mbaineann. Tá sé beartaithe ag GSOC an tsaincheist sin a shaothrú sa bhliain 2019 d'fhonn teacht ar nósanna imeachta comhaontaithe lena laghdófar an t-am a thógtar chun imscrúduithe a chríochnú agus lena n-éascófar formhaoirseacht chuí ag an am céanna.

Ábhar imní leanúnach do GSOC is ea an teip fógra a thabhairt dó faoi ghearáin a dhéantar in aghaidh comhaltaí den Gharda Síochána. Go deimhin, tharla sé san am atá thart go raibh na meáin in ann fógra a thabhairt don phobal agus do GSOC araon faoi mhí-iompar líomhnaithe, i gcás nach bhfuair GSOC aon fhógra den sórt sin ón nGarda Síochána cheana féin.

Nuair a dhéanann Gardaí imscrúdú orthu féin, bíonn an baol ann nach measfar an t-imscrúdú a bheith iomlán ná cothrom. Cé gur féidir go gcuirfidh sé sin droch-chomaoin ar na himscrúdaitheoirí lena mbaineann, fágann an Garda Síochána é féin neamhchosanta ar agóidí de bharr na heaspa formhaoirseachta a dhéantar ar imscrúduithe den sórt sin. Tá sé chun leas na ngardaí a bheith in ann a dheimhniú nach ndéanann siad imscrúdú orthu féin ionas nach mbeifear in ann a líomhain go raibh forcheilt ann i gcás go gcinnfear gan comhalta a ionchúiseamh nó gan smacht a chur air/uirthi i leith mí-iompar líomhnaithe.

Tá sé beartaithe ag GSOC an tsaincheist sin a shaothrú freisin sa bhliain 2019, go háirithe toisc go bhfuil reachtaíocht nua á dréachtú ina leith faoi láthair agus mar gheall ar an moladh ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn gur cheart don chomhlacht formhaoirseachta nua imscrúdú a dhéanamh ar gach gearán.

# AGUISÍN 1: RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

## RIALACHAS

I mí an Mhárta 2018, rinne an Cathaoirleach ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Ard-Rúnaí Gníomhach na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag an am Comhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorparáidigh a shíniú idir an Coimisiún agus an Roinn. Leagtar amach sa Chomhaontú sin an creat leathan rialachais chorparáidigh ar laistigh de a oibríonn GSOC agus sainítear ann na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir GSOC agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach ann freisin na socruithe a leanfar chun GSOC a rialú, a chistiú agus a riar go héifeachtach de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Comhaontaíodh aon mhaoluithe ar an gCód nó aon eisceachtaí uaidh leis an Roinn agus tá siad leagtha amach sa Chomhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorparáidigh.

### An Coimisiún Ombudsman

Coimisiún triúir is ea an Coimisiún Ombudsman, a chuimsíonn beirt Choimisinéirí agus Cathaoirleach amháin. Ní mór fear amháin ar a laghad agus bean amháin ar a laghad a bheith ar an gCoimisiún. Ní mór don Uachtarán gach comhalta den Choimisiún Ombudsman a cheapadh, tar éis don Rialtas iad a ainmniú agus tar éis don dá Theach den Oireachtas rúin lena moltar a gceapachán a rith. Ceaptar duine amháin de na comhaltaí den Choimisiún Ombudsman mar Chathaoirleach.

Chuimsigh an Coimisiún Ombudsman na daoine seo a leanas sa bhliain 2018: An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring (Cathaoirleach), an tUas. Kieran FitzGerald, agus an tUas. Patrick Sullivan (chuaigh an tUas. Sullivan i mbun an róil i mí Iúil 2018). Chuimsigh an Fhoireann Ardbhainistíochta na daoine seo a leanas: an tUas. Anthony Duggan, an Stiúrthóir Riaracháin (chuaigh an tUas. Duggan ar scor ó GSOC i mí na Samhna 2018); an tUas. Darren Wright, an Stiúrthóir Oibríochtaí; an tUas. Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí; agus Niamh McKeague Uas., Ceann Gnóthaí Dlí.

### Cruinnithe agus Nithe lena gCinneadh ag an gCoimisiún Ombudsman

Buaileann an Coimisiún Ombudsman go foirmiúil leis an bhFoireann Ardbhainistíochta uair amháin ar a laghad sa mhí, seachas i mí Lúnasa, chun a chuid dualgas a chomhlíonadh (Féach Tábla A chun amharc ar sceideal de na cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2018). Tá oibleagáid air a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne agus grádú agus coinníollacha ceapacháin na mball foirne go léir a cheadú. Bhuail an Coimisiún Ombudsman agus an Fhoireann Ardbhainistíochta lena chéile 11 uair sa bhliain 2018. Déanann an Coimisiún Ombudsman cinntí ar na nithe seo a leanas:

- Tionscadail chaipitil;
- Leibhéil údaráis tharmligthe, beartais bhainistíochta airgeadais agus beartais bhainistíochta riosca;
- Téarmaí mórchonarthaí a cheadú;
- Ceannacháin shuntasacha agus diúscairtí suntasacha a dhéanamh agus scor de shócmhainní GSOC;
- Buiséid bhliantúla a cheadú;
- Dearbhú a thabhairt go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne agus grádú agus coinníollacha ceapacháin na mball foirne go léir a cheadú;
- Ráitis Straitéise a cheadú; agus
- Tuarascálacha bliantúla agus cuntais a tháirgeadh.

### Freagrachtaí agus Cuspóirí

Leagtar amach in alt 65 go halt 67 d'Acht an Gharda Síochána comhaltas, téarmaí agus coinníollacha, socruithe ceapacháin, feidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin Ombudsman. Mar aon lena chuid feidhmeanna agus cuspóirí reachtúla, áirítear iad seo a leanas leis na freagrachtaí eile atá air:

- rath GSOC a chur chun cinn trína chuid gníomhaíochtaí a stiúradh agus a threorú;
- treoir straitéiseach a thabhairt do GSOC agus, ag an am céanna, faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sé na feidhmeanna tarmligthe atá aige;
- an treo straitéiseach, mórphleananna gníomhaíochta, beartais bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht, agus maoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil;
- gníomhú ar bhonn láneolach agus eiticiúil, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí agus chun leas GSOC, faoi réir na gcuspóirí a leagann an Rialtas síos;

- forbairt acmhainn GSOC a chur chun cinn, lena n-áirítear inniúlacht an lucht ceannaireachta agus na foirne; agus
- an lucht ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí tarmligthe.

**Meastóireacht Feidhmíochta**

Chuir an Coimisiún Ombudsman tús le hAthbhreithniú Féinmheasúnaithe Éifeachtachta agus Meastóireachta ar a fheidhmíocht féin sa bhliain 2018. Críochnófar an t-athbhreithniú go luath sa bhliain 2019.

**Tábla A:** Dátaí agus freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin.

| | | |
|---|---|---|
| 16 Eanáir 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Anthony Duggan | An tUas. Darren Wright<br>Niamh McKeague Uas. |
| 13 Feabhra 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Anthony Duggan | An tUas. Garrett Croke<br>Suzanne Hackett Uas. |
| 13 Márta 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Anthony Duggan | An tUas. Darren Wright<br>An tUas. Thomas Flanagan |
| 10 Aibreán 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald | An tUas. Darren Wright<br>Niamh McKeague Uas. |
| 8 Bealtaine 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald | An tUas. Garrett Croke<br>Niamh McKeague Uas. |
| 12 Meitheamh 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald | An tUas. Darren Wright<br>Niamh McKeague Uas. |
| 10 Iúil 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Patrick Sullivan | An tUas. Darren Wright<br>Suzanne Hackett Uas. |
| 11 Meán Fómhair 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Patrick Sullivan | An tUas. Darren Wright<br>Niamh McKeague Uas. |
| 9 Deireadh Fómhair 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Patrick Sullivan | An tUas. Darren Wright<br>Niamh McKeague Uas. |
| 13 Samhain 2018 | An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Patrick Sullivan | An tUas. Garrett Croke<br>Niamh McKeague Uas. |
| 11 Nollaig 2018 | An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring<br>An Dr Kieran FitzGerald<br>An tUas. Patrick Sullivan | An tUas. Darren Wright |

## AIRGEADAS

Cistítear GSOC trí dheontas bliantúil a fháil ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta do GSOC. I gcomhar leis an Oifigeach Cuntasaíochta, tá an Cathaoirleach freagrach as cuntais GSOC a ullmhú.

Ceanglaítear le halt 77 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 77 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ag féachaint do mhéid an Choimisiúin Ombudsman, ní mheastar go bhfuil sé indéanta aige a fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ná a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin a bhunú. Le toiliú an Aire/na Roinne, cuireadh socruithe malartacha i bhfeidhm chun rochtain a thabhairt do GSOC ar Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na Roinne. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a shealbhaíonn téarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Ina theannta sin, bíonn GSOC faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá próiseas inmheánach bainistíochta riosca i bhfeidhm aige, rud a ndéanann Oifigeach Bainistíochta Riosca agus Grúpa Faireacháin ar Bhainistíocht Riosca maoirseacht air.

Maidir le caiteachas ginearálta, ba ghá do GSOC tabhairt faoi obair cothabhála riachtanach ar a fhoirgneamh ar chostas iomlán €119,494 le linn na bliana. Áiríodh leis na costais sin an obair deisiúcháin riachtanach a rinneadh ar an gcóras aerchóirithe in oifigí GSOC ag 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, d'fhonn feidhmiú cuí an chórais a chinntiú agus aon rioscaí sláinte agus sábháilteachta a chosc.

Tar éis próiseas soláthair cuí, shainaithin GSOC cóiríocht oifige oiriúnach ag Aonad 4D, An tAitriam, Páirc Miondíola agus Oifige na Linne Duibhe, an Linn Dubh, Corcaigh, go luath sa bhliain 2018. Is cóiríocht é sin a chomhlíonann go hiomlán na sonraíochtaí a theastaíonn dá fhoireann imscrúduithe don réigiún theas. Tar éis na ceaduithe riachtanacha a fháil ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chomhaontaigh GSOC léas deich mbliana don spás oifige sin. Bhog an fhoireann imscrúduithe don réigiún theas isteach san áitreabh ag deireadh mhí na Samhna 2018.

Soláthraítear sa spás oifige nua sin cóiríocht ar ardchaighdeán do na baill foirne de chuid GSOC atá sannta don fhoireann. Tá sé lonnaithe in áitreabh slán nua-aimseartha ina bhfuil seomraí agallaimh oiriúnacha (lena n-áirítear iad sin atá oiriúnach d'íospartaigh agus do leanaí) agus teicneolaíocht faisnéise, cumarsáide agus líonraithe ar ardchaighdeán lena gcumasaítear don fhoireann a cuid oibre a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Is lándeimhin leis an gCoimisiún go bhfuil an spás oifige sin ar an gceann is fearr atá ar fáil agus ar an rogha is indéanta maidir le réiteach fadtéarmach a thabhairt ar na riachtanais chóiríochta atá ag an bhfoireann imscrúduithe don réigiún theas. Fágann sé freisin gur féidir le GSOC a oibríochtaí a fheabhsú agus, más gá, a leathnú sa limistéar theas den tír i gcoitinne agus an méid sin a dhéanamh de réir leibhéil nár measadh a bheith indéanta roimhe sin. Beidh sé sin ina thoisc thábhachtach sa todhchaí agus sinn ag pleanáil don mhór-bhunathrú struchtúrtha agus feidhmiúil a dhéanfar ar GSOC thar an gcéad chúpla bliain eile mar thoradh ar an reachtaíocht nua a cheadaigh an Rialtas de bhun na moltaí a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn sa bhliain 2018.

Chinntigh an Coimisiún Ombudsman gur chomhlíon GSOC an Cód Caiteachais Phoiblí ina iomláine ar fud na bliana 2018.

**Tábla B:** Caiteachas GSOC sa bhliain 2018.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tuarastal, Pá agus Liúntais | €6,063,292.00 | **A01 - Pá agus Liúntais** | **€6,066,188.35** |
| Neamhphá | €3,984,708 | A02 - Taisteal agus Cothú | €121,125.28 |
| | | A03 - Costais Theagmhasacha | €803,733.79 |
| | | A04 - Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | €131,534.78 |
| | | A05 - Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige | €885,490.88 |
| | | A06 - Costais Oifige agus Áitribh | €1,819,603.60 |
| | | A07 - Comhairleacht | €0 |
| | | A08 - Caiteachas Taighde | €19,680 |
| | | **Caiteachas Neamhphá Iomlán** | **€3,781,168.33** |
| Leithdháileadh Buiséid Iomlán 2018 | €10,048,000 | **Caiteachas Pá agus Neamhphá Iomlán sa bhliain 2018** | **€9,847,356.68** |

**Nótaí:**

- Ní dhearnadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh go fóill ar na figiúirí atá luaite.
- Ní áirítear leis an tábla thuas Leithreasaí i gCabhair arbh fhiú €255,725.44 iad sa bhliain 2018.

## TÁILLÍ NACH BHFUIL BAINTEACH LE TUARASTAIL

Ba é NIALAS luach na dtáillí nach bhfuil bainteach le tuarastail a íocadh le comhaltaí den Choimisiún Ombudsman don bhliain 2018.

## AN PRÍOMHPHEARSANRA BAINISTÍOCHTA

B'ionann agus €452,647 luach iomlán na dtuarastal a d'íoc Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana.

## COSTAIS CHOMHAIRLEACHTA

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'. Ba é €145,415 an costas iomlán don bhliain 2018.

**Tábla C:** Miondealú ar shochair fostaithe:

| | | |
|---|---|---|
| €60,000 - €69,999 | 13 | 17 |
| €70,000 - €79,999 | 11 | 7 |
| €80,000 - €89,999 | 4 | 3 |
| €90,000 - €99,999 | 3 | 2 |
| €100,000 - €109,999 | 1 | - |
| €110,000 - €119,999 | - | 1 |
| €120,000 - €129,999 | 1 | 2 |
| €130,000 - €139,999 | 1 | 1 |
| €140,000 - €149,999 | 1 | 0 |

* Áirítear leis na figiúirí don bhliain 2018 tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

## Ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh in GSOC

Thar ceann Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, aithním leis seo an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní fhéadann an córas rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil. Is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil na córais atá i bhfeidhm aige réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí.

### Cumas le Riosca a Láimhseáil

Ghlac an Fhoireann Ardbhainistíochta páirt iomlán i bhfaireachán a dhéanamh ar rioscaí agus, a mhéid ab fhéidir léi sa timpeallacht oibriúcháin, i ndéileáil leis na rioscaí a cuireadh i láthair le linn na bliana 2018. Tá na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun timpeallacht chuí rialaithe a áirithiú:

- Is faoi na bainisteoirí líne agus na comhaltaí den Choimisiún atá sé cinntí a dhéanamh maidir le caiteachas, ar aon dul leis na tairseacha caiteachais atá ceadaithe;
- Déantar freagrachtaí bainistíochta a shainiú agus a chur in iúl go soiléir idir an Stiúrthóir Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha agus an Fhoireann Airgeadais;
- Sanntar caidrimh inmheánacha thuairiscithe go soiléir;
- Próiseálann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla an párolla agus na héilimh thaistil agus chothaithe a fhaightear le linn na bliana cuntasaíochta. Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí, seirbhísí cothabhála i leith an chláir shócmhainní seasta, seirbhísí ordaithe ceannaigh agus seirbhísí comhdaithe cánach ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána freisin;
- Déanann conraitheoir seachtrach athbhreithniú rialta ar na rialuithe. Comhlánaíonn an próiseas sin na hiniúchtaí a dhéanann aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais;
- Tá nósanna imeachta airgeadais láidre i bhfeidhm ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Bhain sé leas as na seirbhísí de chuid gnólachta cuntasaíochta sheachtraigh le linn na bliana freisin.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Bhunaigh an Coimisiún próisis le haghaidh rioscaí gnó agus airgeadais a shainaithint agus a mheas ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál agus méid na rioscaí airgeadais atá roimh an oifig a shainaithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtarlódh na rioscaí sainaitheanta;
- Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chumas inmheánach na hoifige na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú;
- Rioscaí airgeadais a scrúdú i gcomhthéacs na spriocanna straitéiseacha;
- An Grúpa Faireacháin ar Bhainistíocht Riosca a athbhunú i gcomhthéacs na mball foirne a d'fhág an eagraíocht le déanaí.

Tá Straitéis um Bainistíocht Riosca i bhfeidhm ag an gCoimisiún Ombudsman. Gné amháin den straitéis sin is ea an Grúpa Faireacháin ar Bhainistíocht Riosca. Cuireadh an Grúpa ar bun sa bhliain 2016 agus cuimsíonn sé dháréag comhaltaí de ghráid éagsúla, an Coimisinéir ina measc, chun rannpháirtíocht traseagraíochta a chinntiú sa phróiseas bainistíochta riosca.

Is é ról an Ghrúpa formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann na bainisteoirí líne agus na cinn ar aonaid ghnó bainistíocht ar rioscaí, a chinntiú go nglactar cur chuige comhtháite i leith bainistíocht riosca ar fud GSOC, agus dearbhú a thabhairt don Lucht Ardbhainistíochta go bhfuil na rioscaí uile atá ar

eolas á maolú. Tháinig an Grúpa le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2018 chun rioscaí a athbhreithniú agus chun clár rioscaí GSOC a thabhairt cothrom le dáta.
Sainaithnítear i gclár rioscaí GSOC rioscaí sonracha, mionsonraítear ann na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí sin a mhaolú agus leagtar freagracht ann ar phríomhbhaill foirne as rialuithe a mhaolú agus a oibriú. Gach mí, déanann an Coimisiún Ombudsman athbhreithniú ar theagmhais riosca ábhartha agus tugann sé faoi deara, nó ceadaíonn sé, na gníomhartha a dhéanann baill foirne chun na rioscaí sainaitheanta a mhaolú nó a bhainistiú de réir leibhéal réasúnta. Ba iad seo a leanas na príomhrioscaí a sainaithníodh don bhliain 2018:

1. Riosca Straitéiseach – An easpa acmhainní a bhí ar fáil
2. Riosca do Chlú – An caidreamh diúltach a bhí ann leis na meáin
3. Riosca Oibriúcháin – An teip an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ón Aontas Eorpach a chomhlíonadh ina iomláine.

Samplaí den ghníomhaíocht a rinneadh le linn na bliana chun na rioscaí sin a mhaolú ba ea an cás gnó a cuireadh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun acmhainní breise a iarraidh, an caidreamh a cothaíodh leis na meáin, agus an clár a cuireadh i bhfeidhm chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur chun feidhme agus a athbhreithniú.

## Faireachán agus Athbhreithniú

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar bhainistíocht inmheánach faisnéise, ar nósanna imeachta riaracháin agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Cuirtear an obair seo a leanas go háirithe i gcrích ina leith sin:

- Déanann an Coimisiún agus Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú rialta ar an bhfaisnéis airgeadais a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais;
- Tugtar faoi bhuiséadú cuimsitheach, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta air;
- Cuirtear tuarascálacha airgeadais faoi bhráid an Stiúrthóra Riaracháin gach mí lena n-athbhreithniú.

Cuireadh sásraí ar bun chun a chinntiú go bhfuil córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Choimisiúin (atá ar bun laistigh de GSOC) sách slán.

## Teagmhais a raibh Teipeanna Suntasacha Rialaithe i gceist leo

Níor thit aon teagmhais a raibh teipeanna suntasacha rialaithe i gceist leo amach sa bhliain 2018.

## Comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún Ombudsman chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar, mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Ceadú ag an gCoimisiún

Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm chun a chinntiú gur bhreithnigh an Coimisiún Ombudsman gach gné de bhainistíocht riosca, de TFC, de rialuithe inmheánacha agus de chleachtais bhainistíochta don bhliain 2018 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún a ainm leis an athbhreithniú sin agus cuirfear é ar áireamh lena scrúdú ag na hiniúchóirí seachtracha sa bhliain 2019 nuair a dhéanfar iniúchadh ar ráitis airgeadais GSOC don bhliain 2018.

Tríd is tríd, is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil an córas rialuithe inmheánacha atá ar bun in GSOC leordhóthanach chun dearbhú dóthanach a thabhairt dó agus go ndéantar na rialuithe sin a chur chun feidhme agus a athbhreithniú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Sínithe: Mary Ellen Ring


An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring,
Cathaoirleach

# AGUISÍN 2: PRÓIFÍL NA NDAOINE A RINNE GEARÁN SA BHLIAIN 2018


Léirítear sna cairteacha thíos próifíl na ndaoine a rinne gearán le GSOC sa bhliain 2018.
Tá na torthaí bunaithe ar shuirbhé a dháiltear ar gach gearánach nuair a chuireann siad gearán isteach. Thug 23% de ghearánaigh (433 dhuine) freagra ar an suirbhé sa bhliain 2018. Is gan ainm atá na freagraí uile.

**Ar mhaithe le slánuimhreacha a thabhairt, rinneadh figiúirí áirithe a shlánú suas nó síos*


**Cairt 8:** Inscne





**Cairt 9:** Aois





**Cairt 10:** Náisiúntacht





**Cairt 11:** Tír bhreithe




## **Cairt 12:** Eitneacht





## **Cairt 14:** Míchumas





## **Cairt 13:** Teanga





## **Cairt 15:** Reiligiún




## **Cairt 16:** Tithíocht




## **Cairt 17:** An Leibhéal Oideachais is Airde




## **Cairt 18:** Fostaíocht




# AGUISÍN 3: PRÓIFÍL NA NGARDAÍ A NDEARNADH GEARÁN FÚTHU SA BHLIAIN 2018


Léirítear sna cairteacha ar an leathanach seo próifíl na ngardaí a ndearnadh gearán fúthu i líomhaintí a glacadh sa bhliain 2018, i gcás go raibh céannacht (inscne agus céim) na ngardaí ar eolas.

**Ar mhaithe le slánuimhreacha a thabhairt, rinneadh figiúirí áirithe a shlánú suas nó síos*

**Cairt 19:** Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh s a bhliain 2018




**Cairt 20:** Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh sa bhliain 2018



Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

(01) 871 6700
Íosghlao 1890 600 800
(01) 814 7026
www.gardaombudsman.ie
info@gsoc.ie
@gardaombudsman